Gradam Roadstone ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta, Leibhéal 6	Patrick Lenihan
Gradam Michael Punch & Partners ar son fiúntais ar an B.Eng. in Innealtóireacht Shibhialta, Leibhéal 7	Aran Power
Gradam Buan Aidan Feeney ar son fiúntais san ábhar 'Mórbhealaí' ar an B.Eng. in Innealtóireacht Shibhialta, Leibhéal 7	Aran Power
Gradam Davis Langdon PKS ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta, Leibhéal 8	Brendan Sheehan
Gradam Bruce Shaw Partnership ar son fiúntais sa Mhiontráchtas sa Bhliain Dheireanach den B.Sc. in Eacnamaíocht Foirgníochta, Leibhéal 8	Brendan Sheehan

Gradam Chumann na Suirbhéirí Cairte (SCS) ar son fiúntais i mBliain 1 den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Mhaoine, Leibhéal 8 Eugene Broderick

Gradam Chraobh na Mumhan d'Institiúid Cheantálaithe agus Luachálaithe na hÉireann ar son fiúntais sa bhliain dheireanach den B.Sc. i Luacháil agus i mBainistíocht Foirgníochta, Leibhéal 8 Eugene Broderick

Gradam Chodhmaidhm an Tionscal Foirgníochta (CIF) ar son fiúntais sa bhliain dheireanach den B.Sc. in mBainistíocht Foirgníochta, Leibhéal 8 Seamus Quirke

Gradam C.I.O.B. ar son fiúntais sa Mhiontráchtas sa Bhliain Dheireanach den B.Sc. in mBainistíocht Foirgníochta, Leibhéal 8 Brian Dillon

An Scoil Ghnó agus Daonnachtaí

Gradam Bhainc-Aontas Éireann ar son fiúntas ar an Ard-Teastas i nGnó i gCuntasaíocht/Airgeadas, Leibhéal 6 Samantha Keogh

Gradam CIMA/Joe Littleton & Co. Cuntasóirí agus Comhairleoirí Bainistíochta ar son fiúntais i gCuntasaíocht Bhainistíochta ar an B.S.S. i gCuntasaíocht agus Airgeadas, Leibhéal 7 Anna Scanlan

Gradam Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas, Leibhéal 7 Patricia Minihan

Gradam AER RIANTA Idirnáisiúnta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir Gnó i gCuntasaíocht/Airgeadas, Leibhéal 8 Colette Kenny

Gradam an Ard-Bhailitheora/ na gCoimisinéirí Ioncaim ar son fiúntais i gCáin agus Díl sa B.B.S. (On) i gCuntasaíocht agus Airgeadas, Leibhéal 8 Padraig Daly

Gradam Oidhreacht na Sionna ar son fiúntais ar an B.A. (On) le Turasóireacht Tara O'Neill

Gradam Fáilte Éireann ar son fiúntais chócaireachta ar an Ard-teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil Catherine Ryan

Gradam Chónaidhm ar son fiúntais ar an dTeastas Náisiúnta i nOibriúcháin Óstáin Mairead Dwyer

Gradam Ambasáid na Fraince ar son fiúntais sa Fhraincis ar an Ard-Teastas i Staidéar Gnó i Margaíocht agus i mBainistíocht, Leibhéal 8 Gulnaz Magsumova

Gradam Southern Advertising ar son fiúntais ar an mBaitsiléir i Margaíocht agus i mBainistíocht, Leibhéal 6 Alan Fitzgerald

Gradam an Institiúid Mhargaíochta ar son fiúntais ar an mBaitsiléir i Margaíocht agus i mBainistíocht (On), Leibhéal 8 Breffni McHugh

Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise

Mac Léinn na Bliana HETAC

	Paul Bailey
Gradam Vistakon Ireland ar son fiúntais ar an Ard-teastas in Eolaíocht in Eolaíocht Chomhshaoil agus Anailíseach, Leibhéal 6	Jason Purcell
Gradam Reagecon Diagnostics Limited ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach, Leibhéal 6	Bryan Lonergan
Gradam Eolaíochta AGB ar son fiúntais ar a B.Sc. in Ionstramaíocht Cheimiceach/ Modhanna Anailíseacha	Mary O Sullivan
Gradam Bhainc-Aontas Éireann ar son fiúntas ar an B.Sc. in Ionstramaíocht Cheimiceach agus in Anailís (2 ghradam)	Catherine O Keeffe Brendan Gleeson
Gradam BHP Laboratories ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach, Leibhéal 6	Margaret Langford
Gradam Olympus Life agus Material Science ar son fiúntais ar an B.Sc. i mBitheolaíochtaí Feidhmeacha, Leibhéal 7	Sarah Ryan
Gradam Ghrúpa Chiarraí ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) i mBithainilís agus Biteicneolaíocht, Leibhéal 8	Joanne Martin
Gradam JVA Analytical ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) in Anailís Chógaiseolaíoch agus Fhoiréinseach, Leibhéal 8	Niamh Storan
Gradam Roche Ireland Limited ar son fiúntais ar leith san Eolaíocht	Niamh Storan
Gradam Schneider Electric ar son fiúntais ar an Ard-Teastas in Innealtóireacht, in Uathoibriú agus i gCórais Róbataic, Leibhéal 8	Alan Broderick
Gradam Analog Devices B.V. ar son fiúntais ar an B.Eng. i dTeicneolaíocht Uathoibríthe agus Rialaithe, Leibhéal 7	Krzysztof kurylonski
Gradam Kirby Group Engineering Ltd ar son fiúntais ar an B.Eng in Innealtóireacht Leictreonach, Leibhéal 7	Daniel Nash
Gradam Aughinish Alumina ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) i gCórais Leictreonacha, Leibhéal 8	Francisco Cantero
Gradam Díoltóirí Leabhar O'Mahony's mar aitheantas don bhfiúntas acadúil ar an Ard-Teastas in Inn. Teic. agus Teic. Físe agus Fuaime, Leibhéal 6	Fearghal McGivney
Gradam Bhainc Aontas Éireann ar son fiúntais i Leictreonaic ag Céim an Teastais, Leibhéal 6	Derek Burke
Gradam SKY Television ar son fiúntais ar an B.Eng i dTeicneolaíocht Físe agus Fuaime, Leibhéal 7	Diego Olaskoaga Perez
Gradam VW AUDI i gcomhar le Motor Distributors (IRL) LTD ar son fiúntais ar an Ard-Teastas i dTeicneolaíocht i dTeicneolaíocht Ghluaisteáin, Leibhéal 6	Stephen O Regan
Gradam Chumann Trádála na dTarracóirí agus an Innealra Feirme ar son fiúntais ar an Ard-Teastas i dTeicneolaíocht i Meicniú Talmhaíoch, Leibhéal 6	Ben Stokes
Gradam Aughinish Alumina ar son fiúntais ar an mBaitsiléir in Innealtóireacht Mheicniúil (On), Leibhéal	Mark Glancy

7

Gradam DELL don tionscadal is fearr ar an B.B.S. i Ríomhaireacht Ghnó (roinnte ar cheathrar) Gertrude O Connell
Kathryn O'Shaughnessy
Guy Wouters
Bryan Ronan

Gradam Fitzpatrick Computer Group ar son fiúntais ar an B.B.S (On) i Ríomhaireacht Ghnó, Leibhéal 8 Natalie McNamara

Gradam Chumann Ríomhaireachta na hÉireann ar son fiúntais ar an B.Sc. i gCórais Faisnéise, Leibhéal 8 Pat Humphreys

Gradam EDS GFS ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) i mBainistíocht Seirbhísí Ríomhairí Gavin Liston

Gradam O2 ar son fiúntais sa Tionscadal Grúpa ar an B.Sc. i Ríomhaireacht in Inn. Bhogearraí, Leibhéal 7 Darren Hickey
David Crowley
Paul Griffin

Gradam Avocent International ar son fiúntais ar an B.Sc. i Ríomhaireacht Ilmheán le Dearadh, Leibhéal 8 Anthony McCarthy

Gradam INTEL ar son fiúntais ar an B.Sc. (On) i bhForbairt Bhogearraí, Leibhéal 8 Stephen Walsh

3.8 Seirbhísí na Mac Léinn 2005-2006

Lean na Seirbhísí Tacaíochta den scoth do Mhic Léinn ar aghaidh ag forbairt agus ag soláthar tacaíochta agus cúraim do mhic léinn ar bhonn gairmiúil. Cuireadh Clár Ionduchtaithe den scoth ar fáil agus rinne tuilleadh forbartha air le cinntiú go mbeadh gach mac léinn ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil dóibh i rith na bliana acadúla. Chuir sé seo brú breise ar na soláthróirí seirbhísí i rith na bliana.

Aonad Tacaíocht Foghlama

Chuaigh an tAonad Tacaíocht Foghlama ar aghaidh ó thionscadal píolótach agus rinne mórshruthú air i mí Dheireadh Fómhair 2005. Fuair 372 mac léinn tacaíocht sa bhliain acadúil 2005-2006.

Séiplíneacht

Bhí an Séiplíneach rannpháirteach san ionduchtú do gach mac léinn nua ag tús an téarma. Is pointe luachmhar teagmhála é seo do mhic léinn agus don bhfoireann araon.

Ceiliúradh Aifreann laethúil ar an gcampas, baill foirne is mó a bhí ag freastal ach d'fhreastail roinnt mic léinn chomh maith. Eagraíodh Seirbhís Speisialta Eacúiméineach do na Mairbh i mí na Samhna 2005. Bhí an Séiplíneach i láthair ar son na hInstitiúide ag 22 sochraid ghaolta lucht foirne agus mhic léinn na hInstitiúide.

Bhí 108 iarratas rathúil ar chabhair ag Coiste Cruatan na Mac Léinn ar an gCiste Cruatain maidir le 87 mac léinn rith na bliana. Rinneadh iarratais eile ar chúnamh airgeadais a réitíodh trí chabhrú le mic léinn ar bhealaí eile (litreacha chuig tiarnaí talún, CGO, mic léinn a spreagadh chun iasacht bainc a lorg. Srl)

	€
Suim tugtha ar iasacht:	21,989
Suim i ndeontais	5,256
Caiteachas lomlán:	27,245
Sum aisíochta go dáta:	10,565
Easnamh sa suim ar iasacht:	11,424

Fuair 53 mac léinn fordheontas cúram linbh (méadú de 7 ar an mbliain roimhe sin). Ba é €45 sa tseachtain an fordheontas ba mhó le haghaidh cúram linbh sa bhliain acadúil seo, mar a bhí anuraidh. Bhí 76 leanbh ar an scéim i mbliana.

Caiteachas lomlán: €52,340

D'éirigh le 21 mac léinn díolúine ón táille teagaisc a fháil don bhliain acadúil reatha.

Cuireadh tús le Coiste Carthanachta ITL i rith na bliana, le baill foirne agus mic léinn rannpháirteach, agus eagraíodh dhá imeacht: - achainí bosca Nollag agus Díolachán Mhanglaim ar son Tionscadal Leanaí Corpus Christi i bPeiriú.

Comórtas Amhrán: D'eagraigh coiste an-dúthrachtach Comórtas Amhrán a raibh an-rath air agus a líon Amharclann na Mílaoise go doras.

Staidéar ar an mBíobla: Bhí sraith staidéir ar an mBíobla againn ar feadh sé seachtain agus d'éirigh go breá leis. Bhí seachtar mac léinn agus beirt bhall foirne air agus díospóireacht bhríomhar acu.

Is cuid an-tábhachtach den séiplíneacht an t-am a chaitear i dteagmháil dhíreach le mic léinn agus le baill foirne in ionaid neamhfhoirmiúla, sa bhialann, ag amharc ar sacar nó ar chluiche iománaíochta, srl. Is deacair teagmháil mar seo a thomhais ach cuireann sé teagmháil ar fáil le daoine agus osclaíonn sé sin deiseanna cabhrach agus tacaíochta níos déanaí má bhíonn gá leo.

Altracht/Míochaine

Chuir Aonad Sláinte na Mac Léinn seirbhís dhiscréideach míochaine ar fáil do mhic léinn faoi stiúir Altra na hInstitiúide, Alice Meagher. Bhí lialann agus seomra leighis i measc na saoráidí agus bhí páirt thábhachtach ag na hAltraí i gcothú na sláinte trí scagadh sláinte agus trí sheirbhís chúram sláinte ghairmiúil a sholáthar do na mic léinn uile. Rinne na haltraí comhordú ar chlár an-rathúil ionduchtaithe do na mic léinn céad bliana go léir agus ghlac siad páirt ann.

Eagraíodh Laethanta Cothú Sláinte agus bhí seastáin ann maidir le:-

- Feasacht Meiningíteas
- Asma
- Pleanáil Clainne agus Sláinte Gnéis
- Cura
- Grúpa Tacaíochta Tuismitheoirí
- Aware
- Gardaí Pobail
- Alcólaigh gan Ainm
- Éigeandáil um Éigniú
- Sláinte
- Comhairle Dhiatéiteach agus Cothaithe

Baineadh úsáid as seastán a thaispeáin Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn ITL chun na seirbhísí seo a chur chun cinn agus a fhógairt.

D'fhreastail an tAltra chomh maith ar chruinnithe rialta le Cinn Scoile agus Roinne. Tá sí ina ball den Choiste Sláinte & Sábháilteachta agus de chuid de Fhochoistí na Comhairle Acadúla. Chuir sí tacaíocht ar fáil ag am scrúduithe, nuair a bhí méadú mór ar líon na mac léinn a d'iarr cúnamh Riachtanais Speisialta. Chuir sí cúram míochaine agus imdhíonaithe ar fáil nuair a bhí bagairt Mheiningíteas ann, agus rinne sí na cuairteanna go léir ar dhochtúirí a chomhordú. Bhí altra páirt-aimseartha ar fáil ag campas Shráid an Chláir.

Comhairleoireacht

Ráiteas Misin Sheirbhís Chomhairleoireacht na Mac Léinn in ITL:

“Seirbhís neamhbhreithniúnach, discrédieach a sholáthar i dtimpeallacht shábháilte chun a chur ar chumas mic léinn obair trí aon deacracht, féidireachtaí a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar a son féin.” Is í aidhm fhoriomlán na seirbhíse tacú le foghlaim agus forbairt na mac léinn agus cumas na mac léinn chun an leas is fearr a bhaint as a dtaithe sa choláiste a uasmhéadú.

Foráil Sheachtainiúil 2005-2006

Ó Mh.F-Márta do Shaoire Máithreachais cheann na seirbhíse

Ceann na Comhairleoireachta – 20 uair an chloig

1 Comhairleoir Páirtaimseartha – 12 uair

1 Comhairleoir Páirtaimseartha – 4 uair

1 Comhairleoir faoi Oiliúint – 6 uair

Iomlán – 42 uair

Ó Mhárta - Meitheamh

Ceann na Comhairleoireachta – 20 uair an chloig

2 Comhairleoir Páirtaimseartha – 16 uair

1 Comhairleoir faoi Oiliúint – 6 uair

Iomlán – 42 uair

San iomlán cuireadh **1,152** uair an chloig comhairleoireachta ar fáil ar an dá champas (daoine aonair is mó a bhí i gceist chomh maith le 4 ghrúpa). Ar an gcaoi sin cuireadh **1,325** uair san iomlán de choinní ar fáil do mhic léinn idir mí Mheán Fómhair agus mí Mheithimh.

San iomlán tá sochair bainte ag **197** mac léinn (**91 fear. 106 ban**) as an tseirbhís ó Mheán Fómhair go Meitheamh. Bhuaileamar freisin le triúr tuismitheoir, beirt dheartháir agus deirfiúr amháin le mac léinn. Chomh maith leis sin tugadh tacaíocht do **86** ball foirne ina gcuid oibre le mic léinn i rith na bliana. Cuireadh ceathrar mac léinn ar sceideal le leanúint ar aghaidh ag freastal i rith an tsamhraidh. Bhí an tseirbhís buail isteach ar fáil ó Cheann na Comhairleoireachta i rith an tsamhraidh de réir mar a theastaigh sé.

Bhí na mic léinn sa raon aoise 17-53 bliana agus meán-aois de 22 bliana acu. Bhain 47 mac léinn lánfhásta úsáid as an tseirbhís chomhairleoireachta i rith na bliana, méadú mór ar an mbliain anuraidh. Ó thaobh foinsí atreoraithe, tá sé spéisiúil gur tháinig formhór na mac léinn (148, 75%) as a stuaim féin. Léiríonn sé seo go bhfuil na mic léinn oscailte ó thaobh freastal ar sheirbhís chomhairleoireachta na mac léinn. . I measc foinsí atreoraithe eile bhí meantóirí agus baill foirne agus trastreorú laistigh d'fhoireann tacaíochta na mac léinn idir altracht, rochtain, dochtúirí na hInstitiúide agus seirbhísí tacaíochta displéisce agus seirbhísí seachtracha.

Tá achoimre de na fadhbanna tosaigh a tháinig chun comhairleoireachta i dtábla 1. Tabhair faoi deara gur minic go raibh níos mó ná fadhb amháin ag na mic léinn. Tá na fadhbanna rangaithe de réir chóras rangaithe IAUCC atá bunaithe ar DSM-IV-TR.

Tábla 1. Rangú na bhFadhbanna Tosaigh a bhí ag Mic Léinn

RANG	UIMHIR
ACADÚIL	
100 Drochscileanna Staidéir	1
101 Streachailt Acadúil	3
102 Strus Scrúduithe	9
103 Imní Feidhmiúcháin	1
104 Achomhraic	1
106 Iarchur/Plean tarraingt siar	5
107 Iarratas ar Thacaíocht i Scríbhinn	2
108 Easpa Spreagadh Acadúil	2
109 Díomá le Cúrsa	2
110 Socrúchán/Taithí Oibre	1
114 Rogha Cúrsa	2
121 Dul i dTaithí ar Choláiste	9
127 Cóiríocht	1
MEABHARSHLÁINTE	
201 Mí-úsáid Gnéis Leanáí	4
206 Mí-úsáid Fhisiciúil	1
209 Tromaíocht	1
211 Ionsaí Gnéis	1
212 An Cliant ina íobartach ó Ionsaí/Coir	4
213 Coir an Mhic Léinn	1
217 Neamhord Scaoill le Agraifóibe	7
220 Fóibe Shóisialta	1
221 OCD	1
222 PTSD	2
223 Neamhord Géar Strusa	4
224 Neamhord Ginearálta Imní	9
227 Neamhord Imní NOS	9
228 Mí-úsáid Alcóil	11
229 Mí-úsáid Drugaí	2
234 Neamhoird Dhúlagair	24

235 Neamhord Déphola 1	2
247 Búilimia	1
249 Ragús Itheacháin	1
250 Féindochar	10
251 Féinmharaitheach	26
252 Iarracht Fhéinmharú roimhe seo	5
313 Neamhord Sceimhle Oíche	4
CAIDRIMH	
400 Fadhb chaidrimh mar gheall ar choinníoll Meabhair/Fisiciúil	5
401 Fadhb Caid Tuismitheoir-Leanbh	2
402 Fadhb Chaid le Comhpháirtí	9
403 Fadhb Chaid le Siblíneach	1
405 Caidreamh le Cara	2
406 Caidreamh le Teaghlach	11
407 Easpa Caidrimh	2
409 Daoine Eile a thuiscint agus a bheith Tuigthe	2
410 Imní faoi Shábháilteacht agus Leas Dhaoine Eile	3
FADHBANNA FÉIN AGUS CÉANNACHTA	
500 Méala	56
502 Scaradh Tuismitheoirí	2
503 Ag Ullmhú do Mhéala	3
504 Deireadh le Caidreamh	6
505 Scaradh / Colscaradh	3
506 Féinmheas/Féinmhuinín	5
509 Ionsaitheacht	2
510 Cúthaileacht	1
538 Toircheas	1
539 Marbhghin	1
540 Ginmhilleadh	1

Is é an méala an t-ábhar imní ba mhó a tharla (56). Ceann de na tosca suntasacha a bhain le líon na mac léinn a raibh fadhbanna méala acu ba ea bás tobann bheirt mhac léinn (duine i Maigh Lise, duine sa Scoil Ealaíne agus Deartha). Bhí gá le cuid mhór inchuir ón bhfoireann chomhairleoireachta le dímhionteagasc strus teagmhais dóibh siúd uile a bhí páirteach agus tacaíocht do gach mac léinn agus ball foirne mar ba chúfí.

Is iomaí mac léinn a tháinig chugainn le fadhbanna móra meabharshláinte ar nós neamhoird dúlagair (24), idéú féinmharaithe (26), féindochar (10) agus iarrachtaí féinmharaithe cheana (5). Is méadú mór é seo ar fhiigiúirí na bliana anuraidh. Tháinig 9 mac léinn i láthair le hidéú féinmharaithe i 2004-2005 agus 21 le dúlagar. I mbliana tháinig 138 mac léinn i láthair le fadhb mheabharshláinte éigin. Léiríonn na fiigiúirí seo próifíl athraithe dhaonra na mac léinn, le leathnú na rochtaine tá níos mó mic léinn le fadhbanna tromchúiseacha meabharshláinte ag déanamh iarratais ar an gcoláiste.

Mar a rinneadh anuraidh iarradh ar gach mac léinn a d'fhreastail ar an tseirbhís foirm mheastúcháin a chomhlánú (2). Go dtí seo tá 45 de na foirmeacha aischothaithe meastúcháin seo faighte ar ais ó mhic léinn. Léiríonn na réamhthorthaí go bhfillfeadh 97% de na mic léinn ar an tseirbhís arís dá mba ghá. Chomh maith leis sin bhí 72% de na mic léinn an-sásta leis an tseirbhís agus 28% sásta; níor léirigh mac léinn ar bith míshástacht leis an tseirbhís a fuair siad. Bhí páirt ghníomhach ag seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn i gcabhrú le mic léinn fanacht ar an gcoláiste, dúirt 72% gur chabhraigh an chomhairleoireacht leo fanacht ina mic léinn. Chonacthas tromlach na mac léinn laistigh de sheachtain; ach bhí ar 15% de na mic léinn fanacht coicís níos mó sula bhfacthas iad.

Ar an iomlán is grádú an-dearfach é seo ar sheirbhís chomhairleoireachta na mac léinn, ach is fadhb é an tréimhse feithimh do mhic léinn neamhcriticiúla i gcónaí.

I measc forbairtí na bliana 2005-2006 bhí:

- Eagraíodh ASIST, Oiliúint Fheidhmeach in Idirghabháil Féinmharaithe do bhaill foirne ITL ar an 29 agus an 30 Meán Fómhair '05. Dúirt baill foirne a d'fhreastail ar an oiliúint seo go raibh an oiliúint fíorúsáideach agus mhothaigh na rannpháirtithe go raibh siad níos oilte chun tacú le mic léinn a aithníodh a bheith i mbaol. Tá tuilleadh oiliúna Assist beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2006.
- Tairgíodh oiliúint do gach Meantóir i dtí cheardlann aonair a d'áisigh an Comhairleoir. Ba í aidhm na gceardlanna tacú le Meantóirí ina ról le mic léinn agus iad a oiliúint sna scileanna éisteachta, tacaíochta agus atreoraithe cuí.

Gairmeacha agus Ceapacháin

Earcaíocht Chéimithe

Tá éileamh an-láidir ar chéimithe ITL i gcónaí mar léiríodh san uimhir mhéadaithe cuideachtaí a thug cuairt ar an Institiúid le linn 2005-2006. Mhéadaigh líon na gcuideachtaí a bhí ag freastal ar an Aonad Earcaíochta go 60. Tugadh an dara Aonach Gairmeacha isteach don Scoil Ghnó agus Daonnachtaí. - D'fhreastail 35 cuideachta ar an ócáid seo. Chomh maith leis sin eagraíodh Ócáid Earcaíochta ar leith do na mic léinn Fáilteachais agus d'fhreastail 15 cuideachta uirthi sin. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar fad ó na fostóirí a thug cuairt ar an Institiúid agus bhí siad buíoch as an deis a fháil chun teacht chun na hInstitiúide agus bualadh leis an bhfoireann agus leis na mic léinn.

Mhéadaigh líon na gcuideachtaí a thug eolas faoi fholúntais don tSeirbhís Ghairmeacha chomh maith do gach earnáil ach don earnáil TF go háirithe atá ag filleadh ar an margadh agus atá buartha nach mbeidh soláthar sásúil céimithe TF ann.

An tSeirbhís Ghairmeacha

Rinneadh feabhsúcháin mhóra éagsúla ar an tSeirbhís le linn 2005-2006. Athlonnaíodh na hoifigí go láthair níos lárnaí. Thug sé seo deis dúinn an Seomra Faisnéise a fhorbairt le saoráidí taispeántais níos fearr agus cuireadh dhá ríomhaire dílsithe ar fáil le haghaidh úsáid mhic léinn agus chéimithe araon.

Ceannaíodh Córas Faisnéise Gairmeacha nua ó Sales Pulse – tá sé ar chumas an chórais seo sonraí mic léinn a thaifeadadh agus taifidí ghairmeacha agus anailís ar chruinnithe a chothabháil. Tá roinn Fostóirí ann chomh maith – is féidir cothabháil a dhéanamh ar fhostóirí a dhéanann teagmháil leis an tSeirbhís Ghairmeacha agus tá an bonnachar sonraí seo ar fáil freisin don bhfoireann Forbartha agus do Chinn Roinne.

Cheannaigh an tSeirbhís ceadúnas bliana freisin ó Team Focus don tástáil shíciméadrach. Is córas den scoth é seo a cheadaíonn Tástáil Chumais dhiscéideach ar líne, tástáil Táscaire Stíleanna Foghlama agus Tástáil Phearsantachta.

Is breisiú mór ar leibhéal agus ar chaighdeán na seirbhíse do mhic léinn a fheastalaíonn ar chúrsaí ITL iad na hathruithe seo.

Suirbhé Céad Sprice

Bailíodh sonraí spriocanna céimithe i mí Dheireadh Fómhair 2005 leis an docaiméidiúchán céime. Eagraíodh suirbhé leantach ina dhiaidh sin chun stádas na gcéimithe le linn na tréimhse Deireadh Fómhair go mí Aibreáin 2006 a dheimhniú.

Freastal ar Oiliúint/Cruinnithe

Iarratais UCAS ar líne – Meán Fómhair 2005

Comhdháil Aontas – Márta 2006

Cúrsa Oiliúna AGCAS – Faisnéis Ghairmeacha Bealtaine 2006

OÉ Maigh Nuad – Oiliúint Fhócas Foirne – Bealtaine 2006

Comhdháil Dhébhlantúil AGCSI – Meitheamh 2006

Oiliúint maidir le Córais Salespurse – Meitheamh 2006 agus ag leanúint ar aghaidh

Seirbhís Rochtana

Chuir an tOifigeach Rochtana, Linda Barry, Seirbhís Rochtana ITL ar fáil.

Is í aidhm na seirbhíse iontráil agus rannpháirtíocht sna cláir acadúla agus i saol na mac léinn san Institiúid a chothú agus a áisiú do na daoine seo a leanas:

1. Mac léinn faoi mhíbhuntáiste shoch-eacnamaíoch
2. Mic léinn lánfhásta
3. Mic léinn le Míchumas agus/nó le Deacrachtaí Sonracha Foghlama
4. An Lucht Siúil
5. Mionlaigh Eitneacha

Is é an ról atá ag an Seirbhís Rochtana:

1. Rochtain ar son Iniamh Shóisialta a spreagadh agus a chur chun cinn i measc mic léinn ionchasacha in ITL.
2. Bualadh le mic léinn ITL le deimhniú cad is gá a dhéanamh chun iontráil agus rannpháirtíocht sna Cláir Acadúla atá á dtairiscint ag an Institiúid a dheimhniú.
3. A chinntiú go raibh ionchais na mac léinn fhéideartha bunaithe ar an bhfírinne ionas go bhféadfaí rogha eolach a dhéanamh.
4. Cóiríocht réasúnta a fháil agus a chur ar fáil a bheadh ag teastáil ó mhic léinn ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as an gclár is rogha leo.
5. Teagmháil a dhéanamh leis an mBainistíocht inmheánach, le Foireann Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn, agus le Ranna/Scoileanna Riaracháin agus Acadúla.
6. Teagmháil a dhéanamh le hInstitiúidí Ardoideachais eile, agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha.

Dáileadh tuarascáil chuimsitheach mhionsonraithe faoin Seirbhís Rochtana 2005-2006 ar an mBainistíocht Shinsireach i mí Iúil 2006. Chuir an tSeirbhís Rochtana ceithre phríomhsheirbhís ar fáil le linn 2005-2006.

Meantóireacht

Tá an teagmháil idir mic léinn agus an Institiúid feabhsaithe ag an Seirbhís Meantóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bhí 58 meantóir in ITL le linn na bliana acadúla 2005-2006. Is baill lánaimseartha den bhfoireann acadúil iad na meantóirí. Tugann Ceann a Roinne 30 mac léinn céadbhlíana do gach meantóir. Bíonn meantóirí ar fáil do mhic léinn printíseachta Céim 4 chomh maith.

Rinne an tOifigeach Rochtana comhordú ar oiliúint agus ar struchtúr an chlár meantóireachta ag ITL don bhliain 2005-2006. Tionóladh cruinnithe/ceardlanna i rith na bliana acadúla.

Bhain costas iomlán de €78,697 leis an tseirbhís meantóireachta a chur ar fáil in ITL do 2005. Síníonn gach meantóir 'Meabhrán Tuisceana' atá faomhaithe ag an gCláraitheoir ag tús na bliana acadúla. Rinneadh íocaíocht de €1310 i dhá thráthchuid ar leith le gach meantóir le linn na bliana acadúla.

Léiríonn an bhliain 2005-2006 go bhfuil seirbhís meantóireachta dhearfach, téagartha agus an-ghníomhach ag an Institiúid. Tá cur chuige dúthrachtach daonnachtúil ag an bhfoireann thiomanta meantóireachta ina dteagmháil le mic léinn. Níl aon amhras ach go gcuirfidh tionchar an tseirbhís meantóireachta le haidhm straitéiseach na hInstitiúide don todhchaí.

Ciste Cúnaimh na Mac Léinn

Déanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú ar Chiste Cúnaimh na Mac Léinn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, le cúnaimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

Tugtar eolas do mhic léinn faoin gciste le linn a gclár ionductaithe. Déanann Comhairleoirí, Altra, Séiplíneach, Meantóirí, Stiúrthóirí Cúrsa agus Oifigí Chumann na Mac Léinn in ITL mic léinn a atreorú chuig an gciste. Cuireadh postae faoin gciste ar aghaidh chuig gach meantóir i mí Eanáir le taispeáint ar fud an champais.

Déanann an tOifigeach Rochtana riaradh ar an Ciste Cúnaimh a chuireann tacaíocht theoranta ar fáil do mhic léinn lánaimseartha ITL atá i ngéarchéim airgeadais mar gheall ar chúinsí nach rabhthas ag súil leo nó atá faoi mhíbhuntáiste agus a bhfuil tuilleadh cúnaimh airgeadais de dhith orthu chun a bheith chomh rannpháirtíocht agus is féidir ina gcuid staidéar agus iad san Institiúid.

I rith 2005-2006 fuair 153 mac léinn éagsúla maoiniú ón gCiste.

Bualann an tOifigeach Rochtana go discréideach le mic léinn aonair chun an próiseas iarratais a mhíniú, tugann cabhair dóibh na foirmeacha a chomhlánú agus eagraíonn agallamh leis an Seirbhís Chomhairle Airgid agus Buiséid (MABS). D'aontaigh MABS le hagallaimh a dhéanamh le mic léinn aonair chun a dteidlíocht do mhaoiniú a mheas agus chun suimeanna a mholadh le hóc le mic léinn. Le cúnaimh ó Roinn Airgeadais ITL, próiseáladh cúig thráthchuid i rith na bliana acadúla 2005-2006. Íocadh suim iomlán de €157,884 le mic léinn a rinne iarratas ar an gciste sa bhliain 2005-2006.

I mí Aibreáin 2006 bheartaigh an tOifigeach Rochtana suirbhé a dhéanamh ar mhic léinn a bhí ag fáil íocaíochta le linn Aibreán/Bealtaine agus Meitheamh. Cuireadh 136 suirbhé amach chuig mic léinn agus chuir 57% a suirbhé comhlánaithe ar ais le haiseolas an-dearfach.

Bhí cruinniú ag an Oifig Rochtana leis an Leabharlann i mí Lúnasa 2005 chun nós imeachta foirmiúil iarratais a chruthú do leabhar a bheadh le ceannach ag an Leabharlann ar son an Oifig Rochtana le linn na bliana Acadúla 2005-2006. I rith na bliana acadúla caitheadh €7372.95 (158 leabhar) as Ciste Cúnamh na Mac Léinn ar leabhair agus bhain 87 mac léinn úsáid as an tseirbhís.

Cheadaigh an tOifigeach Rochtana iarratais agus d'ordaigh an leabharlann na leabhair a bhí ag teastáil. Fuair na hiarratasóirí na leabhar seo ar scéim fhadtéarmach iasachta don bhliain acadúil iomlán. Ag deireadh na bliana acadúla tugann na mic léinn na leabhair ar ais don leabharlann agus cuirtear iad ar fáil do mhic léinn eile a bhíonn sa riocht airgeadais céanna sa chéad bhliain acadúil eile.

Bhunaigh an tOifigeach Rochtana Coiste Comhairleach um Maoiniú do Mhic Léinn sa bhliain 2004-2005 agus lean an coiste ar aghaidh i 2005-2006. Cheadaigh an coiste fócaíochta a rinneadh do mhic léinn agus achomhairc a chuir mic léinn isteach. Bhí an coiste seo comhdhéanta de na comhaltaí/ionadaithe seo a leanas:

- Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn
- Séiplíneach
- Ionadaí Aontas na Mac Léinn (1 as Maigh Lise agus 1 as Ealaín agus Dearadh)
- Baill den bhFoireann Acadúil (2 as Maigh Lise agus 1 as Ealaín agus Dearadh)
- Riarthóir Seirbhísí Tacaíochta na Mac Léinn
- Ionadaí Airgeadais
- Oifigeach Rochtana

Tacaíocht do Mhic léinn lánfhásta

Is í aidhm an tSeirbhís Rochtana iontráil agus rannpháirtíocht sna cláir acadúla agus i saol na mac léinn san Institiúid a chothú agus a áisiú do mhic léinn lánfhásta.

Chuir an tOifigeach Rochtana 'Coiste Chumann na Mac Léinn Lánfhásta' ar bun sa bhliain acadúil 2005-2006. D'fhógair an tOifigeach Rochtana aon chruinniú déag le linn na bliana acadúla. Bhí an-éagsúlacht sa bhfreastal ar na cruinnithe seo.

I rith na bliana bhíodh mic léinn lánfhásta ag gloch isteach ar an Oifigeach Rochtana ina hoifig chun cúnamh airgeadais a fháil nó chun deacrachtaí pearsanta nó acadúla a bhí acu a chur in iúl di. I roinnt cásanna d'atreoraigh an tOifigeach Rochtana na mic léinn chuig baill eile d'Fhoireann Tacaíochta na Mac Léinn chun cúnamh a fháil dóibh.

Ar an iomlán mothaíonn mic léinn lánfhásta go bhfaigheann siad an-tacaíocht óna gcomhscóláirí, ó mhic léinn lánfhásta eile agus ó fhoireann na hInstitiúide.

Mic léinn le Míchumas agus/nó le Deacrachtaí Sonracha Foghlama

Is í an tOifigeach Rochtana an chéad phointe teagmhála in ITL do mhic léinn le míchumas agus/nó le deacracht shonrach foghlama. Rinne an tOifigeach Rochtana teagmháil i mí Mheán Fómhair gach bliain le gach mac léinn céad bliana a léirigh go raibh míchumas agus/nó deacracht sonrach foghlama acu nuair a bhí a bhfoirm CAO á gcomhlánú acu chun cruinniú a eagrú leo agus cóipeanna d'aon mheastúchán (cliniúil/síceolaíocht) nó tuairisc (míochaine) a bhí acu a thabhairt ar lámh.

Bíonn riachtanas mac léinn a thagann i láthair le míchumas nó le deacracht sonrach foghlama ag síorathrú mar go mbraitheann na riachtanais ar éilimh an chúrsa ag am ar leith ar bith. Chláraigh 169 mac léinn leis an tSeirbhís Rochtana sa bhliain 2005-2006 Tháinig 133 mac léinn (lena n-áirítear printisigh) i láthair le deacrachtaí sonracha foghlama agus tháinig 36 i láthair le coinníoll fisiciúil nó míochaine.

Rinneadh 43 iarratas céad uair ar an Oifig Rochtana Náisiúnta i rith na bliana 2005-2006. Cuireadh cionroinnt iomlán de €257,461.12 do ITL ar son na n-iarratasóirí uile ar an gciste i 2005-2006.

Tugann an tOifigeach Rochtana tacaíocht do mhic léinn le míchumais mhíochaine / fhísiciúla agus faigheann siad tacaíocht freisin mar is cuí ón Ionad Míochaine. Is í Ann McLoughlin, 'Teagascóir Tacaíochta Disléisce', a thugann tacaíocht do mhic léinn a bhfuil deacracht shonrach foghlama acu, agus oibríonn sí sin san Institiúid ar feadh 24 uair gach seachtain.

Bíonn cóiríocht shonrach scrúduithe ag teastáil ó líon mór de na mic léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Rochtana. Cláraíonn an tOifigeach Rochtana na riachtanais seo do gach mac léinn ar Bhonnachar Mic Léinn MIS. Thug Oifig na Scrúduithe in ITL an-tacaíocht d'áisiú gach riachtanas scrúdaithe le linn na bliana acadúla.

Seirbhís Chóiríochta

Bhí an tSeirbhís Chóiríochta á comhordú ag Lily Goggin i gcónaí, chabhraigh sí le mic léinn cóiríocht a fháil agus deacrachtaí a bhain le cóiríocht a fháil a réiteach. Bhí Lily i mbun seirbhís atreoraithe, ionas nach raibh dúbláil ann agus daoine ag dul chuig an láthair chéanna. Dá thoradh seo, tá an-taithí faighte aici ar an gcóiríocht agus ar na tiarnaí talún uile sa cheantar máguaird, agus is í is fearr atá in ann comhairle a chur ar mhic léinn nuair a thagann siad go Luimneach den chéad uair. Tá an tseirbhís seo ar fáil do Phrintísigh freisin.

1. Atreorú Pearsanta – mar a ndéantar gach mac léinn a atreorú go seoladh ar leith, agus
2. Cigireacht phearsanta – mar a ndéanann gach mac léinn cigireacht ar a c(h)óiríocht féin.

Aontas na Mac Léinn

Lean an tAontas ar aghaidh ag feidhmiú mar sheirbhís neamhspleách ionadaíochta agus tacaíochta do mhic léinn tríd an gCoiste Rialaithe agus an Chomhairle Acadúil, agus ag leibhéal Scoile, Roinne agus ranga. Tháinig forbairt ar an gcomhoibriú idir an Bhainistíocht agus na mic léinn agus is dá thoradh sin a tharla a lán den bhforbairt atá imlínithe sa tuarascáil seo. Chuir Aontas na Mac Léinn tacaíocht, comhairle agus faisnéis ar fáil faoi réimse leathan ábhar. Is eagraíocht é Aontas na Mac Léinn atá á reachtáil ag mic léinn chun freastal ar riachtanais na mac léinn. Bhí Coiste Riarta, atá tofa ag balóid i measc na mac léinn, i mbun reachtáil laethúil an Aontais. Tá dhá aontas ar leith ann, Aontas an Scoil Ealaíne & Deartha agus Aontas Pháirc Mhaigh Lise, lena n-oifigigh tofa féin acu a bhíonn ina n-oifigigh sabóideacha don bhliain.

Socraíonn na mic léinn beartas agus treo foriomlán an Aontais ag a gcruinniú cinnbhliana

- chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhic léinn agus a gcearta a chosaint
- chun bealach cumarsáide aitheanta a chur ar fáil idir na mic léinn agus údarais na hInstitiúide
- chun áiseanna sóisialta agus siamsaíochta a sholáthar do mhic léinn
- Spreagtar mic léinn chun a bheith páirteach i ngnéithe spórtúla agus cultúrtha saol na hInstitiúide.

Lean an tAontas ar aghaidh ag eagrú Seachtain Phléarácaim, Seachtain na Nuíosach agus siamsaíocht eile agus thug sé cúnaimh do chlubanna agus cumainn i rith na bliana. Bronnadh an brabús as a lán de na himeachtaí seo ar charthanachtaí áitiúla. Eagraíodh imeachtaí chomh héagsúil le léimt Bunjee agus gabhchartáil, agus liathróid ghlioscarnach mar chuid den Seachtain Phléarácaim.

Ar lá Vailintín, an 14 Feabhra, cuireadh tús fuinniúil leis an tseachtain le léimt bunjee ar son carthanachta nuair a rinne 100 mac léinn a léimeanna ón 11 – 4pm i gcarrchlós Supermacs

ar Bhóthar na hInse. Chuaigh roinnt de na mic léinn ar thuras ‘timpeall an traic’ ar lánluas amuigh i gCill Churnáin i rás gabhchairteanna agus d’eagraigh siad a gcomórtas ‘You’re a Star’ féin in ITL mar chuid de chomórtas náisiúnta a raibh a chraobh i gCorcaigh. I measc imeachtaí eile bhí Damhsa Vailintín Romeo agus Juliet, agus comórtas coschiartha ar son carthanachta.

Ba é oscailt Ionad nua na Mac Léinn ag Páirc Mhaigh Lise mórócáid na bliana do na Mic Léinn, áit a mbeidh mic léinn in ann a scíth a ligean saor ó strus an staidéir, dar le hUachtarán Chumann na Mac Léinn, Eamon Clancy.

Ag labhairt dó ag oscailt oifigiúil an Ionaid dúirt Eamon gur chéim mhór chun cinn a bhí ann do Mhic Léinn ITL. Tá oifigí, ionaid siamsaíochta agus Stáisiún Raidió le láncheadúnas, Wired FM, san ionad nua. Tá seomra stórais do threalamh spóirt, Seomra Boird agus seomra cluichí den déanamh is nua ann le meaisíní agus táblaí púil. Ba í Stiúthóir ITL, an Dr, Maria Hinfelaar, a d’oscail an t-ionad go hoifigiúil. Tugadh faoi deara gurb iad na mic léinn féin a dhéanann maoiniú iomlán ar Ionad na Mac Léinn, le hairgead a bhaintear as an Deontas Caipitíochta a íocann siad gach bliain, agus thug Clancy moladh ar leith d’Oifigigh éagsúla Chumann na Mac Léinn a raibh sé d’fhis acu an t-airgead a chur ar leataobh.

Comhairle Spóirt

Déanann an Chomhairle Spóirt ionadaíocht do na mic léinn agus don bhfoireann uile agus chuir sí creatlach tacaíochta ar fáil do mhórán spóirt. D’éirigh go maith le foirne na hInstitiúide go háirithe i Rugbaí, Camógaíocht agus i gcomórtais CLG ar feadh na tréimhse. Ceapadh Oifigeach Forbartha CLG lánaimseartha san Institiúid agus bronntar scoláireachtaí CLG ar mhic léinn ardchumasacha faoi scéim a d’eagraigh Comhairle na Mumhan den CLG. I measc spóirt eile a cuireadh ar fáil i rith na bliana bhí Sacar, Peil Ghaelach, Iománaíocht, Snámh, Camógaíocht, Hacaí, Rugbaí, Lúthchleasaíocht, Badmantan, Galf, Liathróid Láimhe, Imeachtaí Allamuigh, Peil na mban, Cispheil agus Tae Kwon Do. Ar nós Seirbhísí Tacaíochta eile na Mac Léinn, rinneadh maoiniú ar an gComhairle Spóirt as Táillí Seirbhísí Mic Léinn a d’íoc na mic léinn. Bhí saoráidí breise ar fáil le húsáid i rith na bliana, agus mhéadaigh an rannpháirtíocht dá réir.

Bhí siad seo a leanas i measc buaicphointí na bliana 2005/06:

Rámhaíocht Idirollscoile

Bhí bliain an-mhaithe againn i 2005-2006 nuair a bhí rath orainn sa rámhaíocht idirollscoile. Bhuaigh ár rámhaithe meánacha an rás Cox-4 agus mar thoradh air sin píocadh beirt mhac léinn as ITL, James Brinn agus Dan Barry, d’fhoirne faoi-23 na hÉireann. Tá Dan ag traenáil ó shin leis an Scuid Oilimpeach do chluichí Oilimpeacha na bliana seo chugainn.

Saoráidí na Mac Léinn

Ba mhór an áis í an Pháirc Uile-Aimsire don Institiúid i gcónaí. Bhí sí ar oscailt ar feadh na seachtaine go léir agus an-éileamh uirthi ag an deireadh seachtaine, agus imríodh an-chuid cluichí d’ardchaighdeán inti. I measc réimsí eile a fuair tacaíocht bhí lamháltas do mhic léinn ón Scoil Ealaíne & Deartha chun cuairt a thabhairt ar Mhúsaem Hunt agus cuireadh deontais ar fáil freisin do chatalóg Thaispeántas Bliantúil na Mac Léinn Ealaíne & Deartha. Tharla an chéad taispeántas de Rogha Saothar Ealaíon Shinnors le mic léinn reatha Ealaíon & Deartha sa Church Gallery i gCampas Shráid an Chláir, agus dúirt John Shinnors gur mhór an dúshlán é rogha a dhéanamh de na saothair ó mhic léinn an choláiste agus gur dhearbhaigh na saothair a roghnaíodh a chreideamh faoi thábhacht na samhlaíochta agus faoi thuiscint na n-ealaíontóirí ar ábhair agus saothair ealaíne á gcruthú acu.

Bhí Ionad Spóirt agus Folláine ITL lán de ghníomhaíochtaí i rith na bliana, agus réimse iomlán de ghníomhaíochtaí spóirt ar bun ar an bpáirc uile-aimsire agus ar pháirceanna

éagsúla féir. Bhí fáil ag Ballynanty Rovers ar pháirceanna agus ar shaoráid ITL dá gcluichí baile uile agus le haghaidh traenála, agus ba mhór a chuidigh sé seo go mór le feidhmiú na foirne. Bhí saoráidí faoi dhíon á dtairiscint ag an Ionad Spóirt agus Folláine ar laethanta seachtaine agus ag an deireadh seachtaine do Chlubanna agus do Ghrúpaí Pobail lena n-áirítear an halla, an halla gleacaíochta agus an stiúdeo damhsa, agus bhí na saoráidí seo an-oiriúnach le haghaidh cóisirí agus imeachtaí do leanaí.

Seirbhís Baincéireachta

Bhí seirbhís iomlán baincéireachta, chomh maith le saoráid dáileadh airgid ar champas Mhaigh Lise, á soláthar ag Banc-Aontas Éireann.

Bialann na Mac Léinn

Bhí saoráidí iomlána bialainne ar fáil do mhic léinn ag campas Pháirc Mhaigh Lise agus ag campas Shráid an Chláir i rith na bliana acadúla, agus foilsíodh na rialacha seo a leanas do na bialanna:

- Ní cheadaítear caitheamh tabac sa Bialann
- Ní ceadaithe troscán ná trádairí a thógaint amach as an mBialann
- Ní mór do gach mac léinn a bheith glan agus sláintiúil in úsáid na saoráidí seo – úsáid na boscaí bruscair atá ar fáil, cuir trádairí úsáidte agus a bhfuil orthu ar na tralaithe atá ar fáil
- Mura gcomhlíontar na rialacha seo go leanúnach bainfear díot do chárta ID.

Mic léinn le Deacrachtaí Speisialta Foghlama

Spreagadh mic léinn le deacrachtaí foghlama chun a riachtanais a chur in iúl le linn Ionduchtú do cheann a Scoile/Roinne, agus/nó do bhall ar bith d'Fhoireann Seirbhísí na Mac Léinn, .i Séiplíneach, Altra, Comhairleoir, Oifigeach Rochtana, a luaithe is féidir ionas gur féidir tacaíocht agus seirbhísí sásúla a chur ar fáil gan mhoill. D'éirigh go han-mhaith leis seo agus mhéadaigh an líon ar cabhraíodh leo ó na blianta roimhe seo, go háirithe ó thaobh tacaíochta ag am Scrúduithe.

Cuireann riachtanas na mac léinn le deacrachtaí speisialta foghlama brú breise ar Sheirbhísí na Mac Léinn ó thaobh réimse leathan freagairtí a fhorbairt.

3.9 Naisc Sheachtracha Acadúla (a) Seachtracha (b) Idirnáisiúnta

Tá naisc ag ITL i gcónaí le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí forbartha áitiúla. Áirítear Forbairt na Sionnaine, an tÚdarás Forbartha Tionscal agus IBEC ina measc.

Tá naisc leithheadacha ag ranna agus Scoileanna aonair le cumainn ghairmiúla, ceirde agus gnó.

Tá an Institiúid ag forbairt a cuid nasc le heagraíochtaí san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar chuid dá gcúrsaí faoi chlár Erasmus. Is féidir le léachtóirí idirmhalartú a dhéanamh faoin gclár seo chomh maith.

Is gné de mhórán cúrsaí san ITL é an socrúchán oibre. Tá naisc déanta le cuideachtaí in Éirinn agus san Eoraip. Úsáidtear cistí Leonardo chun socrúcháin a mhaoiniú do mhic léinn i gcuideachtaí Eorpacha.

4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

4.1 Réamhrá

Bhí ionadaíocht ag an Oifig Forbartha ar réimse leathan de choistí beartais áitiúla, réigiúnda agus náisiúnta. Is samplaí iad seo a leanas de na coistí sin:-

Forbairt na Sionnaine

Bhí an Institiúid páirteach i dtionscadal darbh ainm Gníomhartha Nuálacha a fuair maoiniú Eorpach. Sa scéim seo socraíodh baill foirne laistigh de Fhiontair bheaga agus mheánacha. Ba í seo an bhliain dheireanach den Tionscadal Phíolótach a fuair Maoiniú Eorpach.

Bhí ITL rannpháirteach in imeachtaí bóthair Chomhpháirtíocht Comhoibriú agus Tionsclaíocht Tríú Leibhéil le Forbairt na Sionnaine.

Fiontraíocht Éireann

Fuair an Institiúid maoiniú € 2.54 ó Fhiontraíocht Éireann chun Gortann Gnó a lonnú ar Champas Mhaigh Lise. I rith na tréimhse seo cuireadh tús le hobair tógála an ionaid.

Bhí an Institiúid rannpháirteach i dtograí éagsúla EI freisin, Comhpháirtíochtaí Nuála san áireamh.

Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir (MWRA)

Tá Údarás Réigiúnda an Iarthair Láir ar cheann de ocht réigiún reachtúil Phoblacht na hÉireann le timpeall 10% de an achar náisiúnta agus de dhaonra na tíre. Tá an tÚdarás comhdhéanta de na ceantair riaracháin Chomhairlí Contae An Chláir, Thiobrad Árann Thuaidh & Luimnigh agus Comhairle Chathrach Luimnigh. Tá sé de fhreagracht ar an Údarás seachadadh comhordaithe na Seirbhísí Poiblí a chothú i Réigiún an Iarthair Láir.

Gníomhaireacht Fhorbartha na hÉireann (IDA)

Bhí an Institiúid rannpháirteach leis an IDA ar Chamchuartheanna éagsúla a thug cuideachtaí a d'fhéadfadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrannach a dhéanamh san Iarthair Láir ar cuairt ar an Institiúid. Rinne cur i láthair dóibh faoin Institiúid, faoi ranna ar leith agus faoi thacair scileanna na gcéimithe.

Bord Forbartha Chathair Luimnigh (LCDB)

Tá ionadaíocht ag an Institiúid ar Bhord Forbartha Chathair Luimnigh. Seoladh Bord Forbartha Chathair Luimnigh mar fhreagra ar thiomantas an Rialtais i leith athnuachain an rialtais áitiúil. Ba é mian an togra seo spreagadh nua a thabhairt don rialtas áitiúil trí chomhoibriú agus comhordú níos fearr ar sheirbhísí ag Rialtas Áitiúil, ag Gníomhaireachtaí Stáit agus ag lucht forbartha áitiúil a chruthú. Tá ionadaíocht ag ITL ar an bpríomhbhord agus ar fhoghrúpa Chathair an Fhoghlama.

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

Tá a cumais thaighde á bhforbairt i gcónaí ag an Institiúid. Tá réimse leathan moltaí curtha ag an bhfoireann faoi bhráid na ngníomhaireachtaí maoinithe.

I rith na bliana d'éirigh linn an maoiniú seo a leanas a ghnóthú:

Cód/Teideal Tionscadail	Ball Foirne	Luach (€)	Teideal
PO127 Fiontraíocht Éireann Clár Breisithe Taighde Feidhmeach	An Dr. Fergal Barry An Dr. Siobhan Moane An Dr. Daniel Walsh John Cosgrove	4,000	
P0130 An Roinn Talmhaíochta agus bia – Beart Taighde Institiúideach Bia	An Dr. Daniel Walsh	171,875	Tacaíocht Bearta Feabhsú i sábháilteacht agus saol seilfe bhianna le híosmhéid próiseála le olaí riachtanacha plandaí agus peiptídí frithmhíocróibeacha
P0134 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	An Dr. Josephine Treacy	5,000	Teicneolaíocht reatha agus na tochcaí um chóireáil Sloda Séarachais
P0136 Comhpháirtíocht Nuála Fhiontraíocht Éireann	An Dr. Fergal Barry	9,000	Sintéisiú Meicnicheimiceach Hiodracsapaitíte ó Dhramhaíl Aolchloiche Gorm
P0144 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – Clár ERTDI	An Dr. Josephine Treacy	40,000	Forfheidhmiú Chlár Astú Truailithe Eorpach (EPER) do Fhearais Chóireála Dramhuisce in Éirinn

4.3 Mic Léinn Iarchéime

Bhí na Mic Léinn Iarchéime seo a leanas ag freastal le linn na bliana 2004-2005.

Ainm	Gradam
An Scoil Ealaíon agus Deartha	
Philippa Little	PhD
Mark Halpin	MA
Philip Kenny	MA
John Langan	MA
Siobhan O Malley	MA
An Scoil Ghnó agus Daonnachtaí:	
<i>An Roinn Gnó</i>	
Jean Doyle	MBS
Debra McDonald	MBS
Gerard O Connor	MBS
Marie Stakelum	MBS
<i>Roinn na nDaonnachtaí</i>	
Aoife Cowman	MA
Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise	
<i>Roinn na hEolaíochta Feidhmigh</i>	
Sinead Hennessy	PhD
James Ring	PhD
Gerard Clancy	MSc
David Fennell	MSc
Niall Kelly	MSc
Joanne O Connor	MSc
Mary O Grady	MSc
David Parrot	MSc
Nicola Shine	MSc

<i>An Roinn Innealtóireachta Leictrigh agus Leictreonaí</i>	
Steven Lynch	MSc
John McDonald	MEng
Ke Wang	MSc

<i>Roinn Teicneolaíocht na Faisnéise</i>	
Marian Carcary	PhD
Tara Kelly	PhD
Angelia Keogh	MSc
Bill Lyons	MSc
Philip O Brien	MSc

Fuair Céim Samhain 2004

Ainm	Gradam
An Scoil Ealaíon agus Deartha	
Regina Corcoran	MA
Scoil na Timpeallachta Tógtha	
Joanne Neville	MSc
An Scoil Ghnó agus Daonnachtaí:	
<i>An Roinn Gnó</i>	
Claire Phelan	MBS
Scoil na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise	
<i>Roinn na hEolaíochta Feidhmigh</i>	
Brendan Daly	PhD
<i>An Roinn Innealtóireachta Leictrigh agus Leictreonaí</i>	
Margaret Spillane	MSc
<i>Roinn Teicneolaíocht na Faisnéise</i>	
Kevin Murphy	MSc

4.4 Forbairt na gCampas

Fuarthas dhá fhoirgneamh réamhthógtha eile le 32 suíochán don bhliain acadúil 2005-2006 ar chomhaontú léis. Tá maoiniú iomlán á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an gcomhaontú léis seo mar thacaíocht do bhlocanna breise.

Rinne nuachóiriú ar an gcóras CCTV i Sráid an Chláir le ceamaraí nua agus le suiteáil shaoráid taifeadta digití.

Fuarthas faomhadh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun dul ar aghaidh chun tairisceana d'achchóiriú agus leathnú champas Shráid an Chláir.

Tugadh cead pleanála chun 105 spás páirceála nua a sholáthar ag Campas Mhaigh Lise. Thug an Insitiúid córas páirceála 'Íoc agus Taispeáin' isteach ag campas Mhaigh Lise ag ráta €2 sa lá i gcomhar le cuideachta bhainistíocht carrchlósanna. Tá feabhas mór ar smacht páirceála agus maolú déanta ar imní faoi shláinte agus sábháilteacht maidir le rochtain fheithiclí éigeandála.

Rinneadh uasghrádú ar chóras teileafóin na hInstitiúide le 80 folíne breise teileafóin.

Suiteáladh soláthairtí breise gáis le córais shábháilteachta sna saotharlanna i Maigh Lise.

Rinneadh deisiúcháin leitheadacha ar na hurláir ar an bPríomhshráid i gcampas Mhaigh Lise.

4.5 Sábháilteacht agus Saoráidí

Coiste Comhairleach Sábháilteachta

Lean an Coiste Comhairleach Sábháilteachta ar aghaidh lena chuid oibre le cruinniú gach téarma i rith na bliana.

Timpistí

Tuairiscíodh seasca naoi timpiste i rith na tréimhse, 49 le mic léinn, 9 dtimpiste foirne, 6 le conraitheoirí, 4 le cuairteoirí agus larchéimí amháin.

Bhain cailliúint ama le timpiste foirne amháin inar cailleadh lá agus fiche agus timpiste mic léinn amháin inar cailleadh trí lá.

Tuairiscíodh timpiste foirne amháin chuig an Údarás um Shláinte agus Shábháilteacht.

Tharla 11 teagmhas contúirteacha nó neastimpistí i rith na tréimhse.

Oiliúint

Tugadh oiliúint i gCéadchabhair Ghairme, i sábháil ó thitim, i Láimhseáil Niotragain Leachtach, Innil Obair Adhmaid, Múchtóirí Dóiteáin, i Láimhsiú Sábháilte agus do Mhaoir Tine.

Measúnú Priacail

Chun géilliúntas do riachtanais an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chinntiú, cuireadh tús le cuimsiú Measúnaithe Priacail sna Ranna seo a leanas: Eolaíocht Fheidhmeach, An Scoil Ealaíne agus Deartha, Scoil na Timpeallachta Tógtha, an Roinn Daonnachtaí agus an Roinn Innealtóireachta Meicniúil agus Gluaisteáin.

Trealamh Cosantach Pearsanta

Eisíodh trealamh cosantach pearsanta do Ghlantóirí, pearsanra Stór, Feighlithe agus pearsanra a bhíonn i mbun obair shamhraidh.

Eisíodh lámhainní gairmiúla gearradh-fhriotaíoch do mhic léinn Roinn na nDaonnachtaí

Sábháilteacht Dóiteáin

Eagraíodh druilleanna dóiteáin go rathúil i ngach ceann de na trí Champas.

Ceanglaíodh an painéal aláram dóiteáin sa Halla Spóirt leis an bpainéal i bpríomhfhoirgneamh Champas Mhaigh Lise. Rinneadh tástáil agus deimhniú ar na Hiondrait Dóiteáin, ar na Córais Bhrath Dóiteáin agus Alárim agus ar an Córais Bhrath Gáis uile de réir na riachtanas reachtúla agus na gcleachtas is fearr.

Cuireadh gaothaire deataigh louvre in áit an phreabghaothaire in Amharclann na Mílaoise.

Tástáil Reachtúil

Rinne ionadaí ó Chuideachta Árachais Eagle Star tástáil agus scrúdú ar na coirí gaile i gCé Sheoirse, agus ar na hardaitheoirí paisinéirí uile.

Clúdach Urláir

Rinneadh deisiúcháin leitheadacha ar na hurláir i ngach Campas. Cuireadh clúdaigh nua urláir ar fáil ar urlár na príomhchistine i gCampas Mhaigh Lise.

Sábháil ó Thitim

Suiteáladh trealamh sábhála ó thitim ar dhíon an sráid-dreacha.

Scagadh Sláinte

Bhain 62 fostaí de chuid na hInstitiúidí úsáid as an tseirbhís Scagadh Sláinte a cuireadh ar fáil le linn Sheachtain Sláinte agus Sábháilteachta na hEorpa.

Gás

Suiteáladh córais bhraith gáis i réimse na Cistine agus na hÁithe i Sráid an Chláir agus i dtrí chistin i gCampas Mhaigh Lise.

Suiteáladh coscairí cúlsplaince ar Líne Acétiléine agus Hiodragaine i saotharlanna Eolaíochta agus Meicniúla agus Gluaisteán.

Asuiteáladh an gás própáin do na saotharlanna Meicniúla agus Gluaisteán, rud a bhain amach an-chuid den phíplíne gáis sa bhfoirgneamh.

Umair Dhúbailte

Cuireadh dhá umar dúbailte ar fáil do dhramhola ó na ceardlanna meicniúla agus gluaisteán i gCampas Mhaigh Lise in áit na n-umar aon-phainéil a bhí ann. Tá aláram ar na humair ionas go músclofar aláram in oifig an teicneora má theipeann ar an umar.

Dramhaíl Ghuaiseach

Rinneadh cuid mhór dramhola ón Roinn Innealtóireachta Meicniúil agus Gluaisteán a dhiúscairt de réir na reachtaíochta náisiúnta agus an chleachtais is fearr chomh maith le dramhaíl cheimiceach ón Roinn Eolaíochta Feidhmí agus ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh. Rinneadh diúscairt chuí ar dhá chónra d'fheadáin fhluaraiseacha chomh maith.

Córas Eastósctha

Suiteáladh córas eastósctha sa cheardlann adhmaadóireachta i gCé Sheoirse a ghabhann mionramh a ghintear ag na meaisíní agus a thugann é go málaí in áitreabh béal dorais.

5. PEARSANRA

5.1 Tuarascáil Phearsanra, an Bhliain Acadúil 2005-2006

LÍON FOIRNE DE RÉIR EARNÁLA		
(Tá foireann Pro-Rata agus Téarma Seasta áirithe sna figiúirí mar a bhí ar an 31/08/06)		
	Mar a bhí ar 31/08/05 (Lánaimseartha buan amháin)	Mar a bhí ar 31/08/06 (Lánaimseartha/Pro-Rata/Téarma Seasta)
Foireann Acadúil	210	282
Riarachán/Leabh/Bain Shinsear	65	94
Teicneoirí/Cúntóirí Ceirde	25	32
Feighlithe	14	16

SOSANNA GAIRME

Acadúil:

Louise Masterson Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha (2ú bliain)

Catherine Bates Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha (1ú bliain)

Patrick McCool Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha (1ú bliain)

Anne Culhane Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (1ú bliain)

Gerard Byrne Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha (1ú bliain)

Joanne Hynes Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha (1ú bliain)

Neamhadúil

Martha Brennan Oifigeach Foirne Cúnta, Grád IV (3ú bliain)

Kay Fitzgerald Nolan Oifigeach Foirne Grád V (3ú bliain)

Catrina Browne Oifigeach Foirne Cúnta, Grád IV (2ú bliain)

FOIREANN DEARBHAITHE LE HAGHAIDH CEAPACHÁIN (LÁNAIMSEARTHA BUAN)

Foireann Acadúil

Eoghan Sadlier Léachtóir Cúnta, An Roinn Gnó (01/09/05)

(Ardú céime go Ceann Gníomhach Gnó 03/10/05)

Derek McInerney Ceann na Roinne, Roinn na nDaonnachtaí (01/09/05)

Ann Marie Dooley Léachtóir Cúnta, An Roinn Gnó (01/09/05)

Frank Houghton Léachtóir Cúnta, An Roinn Gnó (01/09/05)

Michael M. Sheehan Léachtóir Cúnta, An Roinn Daonnachtaí (09/01/06)

Patricia Cremen Léachtóir Cúnta, An Roinn Daonnachtaí (09/01/06)

Suzanne O'Shea Léachtóir, An Scoil Ealaíne agus Deartha (01/09/05)

Adrian Byrne Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha ((01/09/05)

Alan Keane Léachtóir Cúnta, Scoil Ealaíne agus Deartha ((01/09/05)

Pat Gill Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha (1ú bliain)

John Costigan Léachtóir, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((01/09/05)

John DD O'Brien Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((01/09/05)

Brian Wallace Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((01/09/05)

Eamon O'Riordan Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((09/01/06)

Aidan O'Connor Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((09/01/06)

Peter Armstrong Léachtóir Cúnta, Scoil na Timpeallachta Tógtha ((31/01/06)

Bernard Hayes Léachtóir Cúnta, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (08/11/05)

Brendan O'Heney Léachtóir Cúnta, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (01/09/05 Conradh 3 bliana – ar ghrád Teicneora roimhe seo)

Michael O'Flanagan Léachtóir Cúnta, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (27/02/06 conradh 3 bliana)

Shane McAuliffe Léachtóir Cúnta, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (01/09/05)

Marie Walsh Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (01/09/05)

Daniel Walsh Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (01/09/05)

Mícheál O'Keeffe Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (01/09/05)

Mary Lehane Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (13/02/06)

Josephine Treacy Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Feidhmí (10/12/05)

Ken Oakley
(16/01/06)

Léachtóir Sinsearach 1 (Múineadh), Roinn Teicneolaíocht na Faisnéise

Foireann Neamhadúil

Georgina Slevin	Teicneoir (01/09/05)
Mark Curtin	Teicneoir (09/01/06)
Theresa McDarby	Oifigeach Cléireachais III (01/02/06)
Anne O'Donoghue	Cúntóir Leabharlainne 2 – Grad IV (27/03/06)
Richard O'Brien	Oifigeach Foirgníochta (13/03/06)
Donncha Hughes <i>lánaimseartha</i>)	Bainisteoir Ionad Brostú Fiontraíochta (06/06/06 – <i>conradh 4 bliana</i>)

LUCHT FÁGÁLA

Foireann Acadúil

Brendan Callan <i>scor 31/8/06</i>)	Ceann na Roinne, An Roinn Innealtóireachta Leictrigh agus Leictreonaí (Ar
Patricia Burke Scor 01/09/05)	Léachtóir Sinsearach 1 (Múineadh), Roinn Teicneolaíocht na Faisnéise (Ar
John Flynn 01/09/05)	Léachtóir Sin 1 (Múineadh), Scoil na Timpeallachta Tógtha (Ar scor
Patricia McKenna	Léachtóir, An Scoil Ealaíne agus Deartha (Ar scor 01/09/05)
Jim Wallace	Léachtóir 2, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (ag corprú R. na Cumarsáide) (Ar scor 01/09/05)
Patrick O'Halloran scor 31/10/05)	Léachtóir, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus Leictreonaic (Ar
Seamus Fitzgerald Leictreonaic	Léachtóir 2 Struchtúrtha, an Roinn Innealtóireachta Leictreonach agus <i>(ar scor 05/06/06)</i>
Eddie Ryan	Léachtóir, An Scoil Ealaíne agus Deartha (d'éirigh as 01/09/05)

Foireann Neamhadúil

Nicholas O'Donnell	Teicneoir, Seirbhísí Ríomhaire (d'éirigh as 30/11/05)
Brendan O'Heney acadúil 01/09/05)	Teicneoir, Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach (Ghlac le post

5.2 Cúrsaí/Seimineáir sheachracha ar fhreastail baill foirne orthu 2005-2006

Ainm	Dáta	Sonraí Cúrsa/Seimineáir
Armstrong, S	ar siúl faoi láthair	M.Sc i Seirbhísí Tógála, Ollscoil Brunel
Barry, A	ar siúl faoi láthair	M.Sc. Ríomhaireacht
Barry, F	11/05/2006	Bainistíocht Ama, Cumann Tráchtála Luimnigh
Bourke, A	19/06/2006	Cothabháil Gluaisteán Miondíolacháin, Cuideachta Mótair Ford
Boylan, R	20/04/2006	Comhdháil EUNIP 2006
Brennan, C	2005-2006	Dioplóma Teagaisc in Oideachas
Burke, A	ar siúl faoi láthair	MSc i mBainistíocht Miondíolacháin Gluaisteánaíochta, Loughsborough
Butler, M	2005-2006	MBS in HRM, UL
Byrne, A	ar siúl faoi láthair	MA i bhForbairt Ilmheán Digiteacha in Oideachas, UL
Carney, H	14/06/2006	Treoir do Chosaint Sonraí
Cavanagh, J	2005-2006	M. Sc. i dTeicneolaíochtaí Foghlama, Coláiste Náisiúnta na hÉireann
Roinn Seirbhísí Ríomhairí	21-23/8/06	Oiliúint SQL, Professional Training Solutions Ltd
Conway, M	2005-2006	MA i dTeagasc agus Oiliúint, WIT
Corrigan, R	ar siúl faoi láthair	Diop Céimí i Meáin Dhigiteacha, UL
Costello, A	30/03/2006	Cúrsa Oiliúna CBL IPASS
Costello, C	ar siúl faoi láthair	MA i mBainistíocht agus Oideachas
Crotty, B	06/10/2005	Bainistíocht Ioncam Seirbhísí Tionsclaíochta, Fáilte Éireann
Daly, M	05/04/2006	Seimineár IAVI
Daly, M	02/06/2006	Seimineár CPD, IAVI
DeBhulbh, S	2005-2006	MPhil, UCC
Dooley, AM	26/05/2006	Seimineár Fianaise Fhoiréinseach – An Cumann Dlí
Duggan, M	ar siúl faoi láthair	MA, OÉ
Dwyer, C	ar siúl faoi láthair	Dioplóma i Staidéar Gnó, UCD
Fahy, L	ar siúl faoi láthair	MSc, Ollscoil Hallem
Fahy, L	09/05/2006	Ceardlann Grúpa Sainspéise Disléisce, Ollscoil Birmingham
An Roinn Airgeadais	04/04/2006	Oiliúint i Soláthar Poiblí IIPMM
Fitzgerald, E	ar siúl faoi láthair	MA i mBainistíocht agus Oideachas
Gill, P	14-15/02/06&1-2/03/06	Cúrsa Modúlach i mBainistíocht Tionscadail, Institiúid Innealtóirí hÉireann
Guinane, G	12/12/2005	Comhdháil RSI
Healy Lyons, G	2005-2006	B.Sc. i dTeicneolaíocht na Faisnéise, Ollscoil Chathair Bhaile Á Cliath
Healy, J	11/05/2006	Bainistíocht Ama, Cumann Tráchtála Luimnigh
Higgins, N	15/09/2005	Cúrsa NITL
Higgins, N	25/10/2005	Bainistíocht Slabhra Soláthair, DIT
Higgins, N	12/12/2005	Comhdháil RSI
Higgins, N	12/12/2005	Bainistíocht Fardail, DIT
Higgins, N	08/05/2006	Bainistíocht Tionscadail
Hinfelaar, M	24/03/2006	Clár Fócais Cuspóir Coiteann an Mheániarthair
Holohan, J	12/02/2005	Comhdháil, IT Chorcaí
Foireann Fáilteachais	03/04/2006	Comhdháil Phríomhchócairí
Foireann TF (7)	23/05/2006	Oiliúint Bhrostaithe Riarthóirí Windows
Jones, C	22/02/2006	Seimineár faoi Fhiosrú dinimicí an taobhaithe sa saol aosach
Kavanagh, I	11/08/2006	Cúrsa Outlook XP, Irish Times Training (Itronics Ltd)
Kavanagh, I	11/05/2006	Bainistíocht Ama, Cumann Tráchtála Luimnigh
Kavanagh, I	ar siúl faoi láthair	Oideachas EdD, Ollscoil Sheffield
Keogh, N	30/11/2005	Oiliúint ar an gcóras párolla Core
Kirby, P	03/05/2006	Ardchuardach Idirlín, McGrath Barrett & Associates
Leddin, J	ar siúl faoi láthair	BBS, IPA
Lee, K	14/06/2006	Ceardlann Fiúntais trí Dhaoine FÁS
Mahon, T	ar siúl faoi láthair	M.Eng. Ardteicnící Innealtóireachta, AIT

Mangan, T	06/10/2005	Cúrsa Treorú an Athrú, IMI
Mangan, T	24/01/2006	Seimineár Fáilteachais agus Turasóireachta, Fáilte Éireann

Maughan, K	02/06/2006	Comhdháil, Irish Planning Institute Ltd
Maughan, K	25/11/2006	Comhdháil Pleanála agus Timpeallachta, Round Hall Press Ltd
McDonnell, F	ar siúl faoi láthair	B.Sc. i dTeicneolaíocht, IT Chorcaí
McInerney, D	24/01/2006	Seimineár Fáilteachais agus Turasóireachta, Fáilte Éireann
McKeon, M	ar siúl faoi láthair	PhD
McKeon, M	06/06/2006	Bainistíocht Ama, Cumann Tráchtála Luimnigh
McPartlin, N	2005-2006	Diop larchéime i bhForbairt Ilmheán Digiteacha in Oideachas, Institiúit Forbairt Ghairme, UL
McPartlin, N	ar siúl faoi láthair	MA i bhForbairt Ilmheán Digiteacha in Oideachas, UL
Roinn Mheic	16/11/2005	Bogearra Sraith M, Tinius Olsen
Moynihan, G	2005-2006	B.Sc. i dTeicneolaíocht, IT Chorcaí
Murphy, A	ar siúl faoi láthair	Ard-Diplóma i bhforbairt Acmhainní Daonna, ICM
Noonan, A	25/10/2005	Cúrsa Pas Sábháilte, FÁS
Noonan, A	25/04/2006	Sláinte agus Sábháilteacht ag Obair, NIFAST
Noonan, A	31/08/2006	Seimineár Sláinte agus Sábháilteachta, NISO
O'Connell, M	ar siúl faoi láthair	PhD Riarachán Gnó (Bainistíocht Ardoideachais), Ollscoil Bath
O'Connell, M	30/11/2005	Oiliúint ar an gcóras párolla Core
O'Keefe, E	2005-2006	MSc i Ríomhaireacht in Oideachas, ITL
O'Kelly, M	ar siúl faoi láthair	Máistir i mBainistíocht TF sa Tionscal Foirgníochta, Ollscoil Salford
O'Loughlin, C	ar siúl faoi láthair	MSc, UL
O'Shaughnessy, N	ar siúl faoi láthair	M.Eng. Ardteicnící Innealtóireachta, AIT
Pearse, C	22/02/2006	Cúrsa Dí na Fostaíochta, IBEC
Real, C	03/05/2006	Ardchuardach Idirlín, McGrath Barrett & Associates
Real, C	06/07/2006	Cúrsa IPASS
Ryan, J	30/03/2006	Cúrsa Oiliúna CBL IPASS
Ryan, P	2005-2006	MA i mBainistíocht agus Oideachas
Sadlier, E	2005-2006	MSc, DCU
Sadlier, E	28/02/2006	Comhdháil EUNIP 2006
Sadlier, E	08/08/2006	Ceardlann Ríomhghnó
Sajjadi, S	2005-2006	MSc i dTeicneolaíocht Aimsiú Saitilíte, Ollscoil Nottingham
Scully, R	2005-2006	Máistir i mBainistíocht TF sa Tionscal Foirgníochta, Ollscoil Salford
Sharpe, P	2005-2006	Máistir i bhfoghlaim agus i dTeagasc tríú leibhéal, DIT
Spelman, E	ar siúl faoi láthair	MA Cumarsáid Fhíseach (Dear Fais), NCAD
Stokes, D	22/02/2006	Comhdháil Náisiúnta Margaíochta
Sullivan, J	ar siúl faoi láthair	PhD
Tuohy, M	ar siúl faoi láthair	M.Sc. gCórais Idirlín (Oscail)
Twomey, A	19/10/2005	Cruinniú Mullaigh AC agus seimineár Máistir-ranga, IBEC
Twomey, T	2005-2006	MA i mBainistíocht in Oideachas, WIT
Twomey, T	16/02/2006	Siompóisiam Idirnáisiúnta, UCC
Twomey, T	2005-2006	Foghlaim Obairbhunaithe, Ollscoil Middlesex
Vaughan, N	2005-2006	B.Sc. i dTeicneolaíocht na Faisnéise, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Vaughan, O	2005-2006	Diplóma larchéim i Staidéar Faisnéise agus Leabharlaine, Ollscoil Robert Gordon
Ward, W	26/06/2006	Ríomhfhoghlaim, DIT
Whelan, R	05/04/2006	Seimineár IAVI

5.3 Cúrsaí Inmheánacha ar fhreastail Baili Foirne orthu 2005-2006

Cúrsa	Dáta	Líon Rannpháirtithe
Cúrsaí Ionduchtúcháin	02/09/2005	29
	02/03/2006	31
Scileanna Teagasc	05/09/2005	14
Cúrsa Pleanála don Scor	9&10/02/06	15
Cúrsa Oiliúna Tarrtháil Ardaitheora	05/01/2006	7
Cúrsa Oiliúna i Láimhseáil	15/12/2005	6
	12/01/2006	9
Cúrsa Céadchabhrach Gairme (3 lá)	10,17,24/02/06	7
Cúrsa Oiliúna Maoir Dóiteáin	30/01/2006	9
Oiliúint i gComhobair Adhmadóireachta Meaisín	08/11/2005	5
Measúnú Priacail	26/01/2006	32
	18/01/2006	6
	14/03/2006	16
Cúrsa Oiliúna Sábháil ó Thitim	04/01/2006	7
	23/02/2006	8
	21/06/2006	7
Dioplóma Gairmiúil i dTraenáil Saoil agus Gnó (U First Training)	2005-2007	7
MA Teagasc agus Foghlaim	2004-2007	23

6. TUARASCÁIL AIRGEADAIS

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2005-2006

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchóireacht ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 agus ceadaíodh gan cháiliú é ar an 22 Meitheamh 2007. Tá sleachta as na ráitis airgeadais faoi iamh.

Ioncam agus Caiteachas

Thug an Institiúid cúlchiste carnaithe de €2.893m ar aghaidh ag an 1 Meán Fómhair 2005. Bhí na cúlchistí sin ardaíthe go €3.643m faoi dheireadh na tréimhse mar gheall ar fharrasbarr oibriúcháin de €0.750m don bhliain. Ní mór a thabhairt faoi deireadh go bhfuil €1.838m de Dheontais Stáit do Mhionobreacha Caipitil atá tiomanta ach neamhchaite san áireamh sna cúlchistí. Tá cúlchiste carnaithe de €1.805m anois ann i gcomparáid le €1.666m i 2005. Bhí caiteachas reatha de €37.568m ann, lena n-áirítear €22.495m de dheontais athfhillteacha. Bhí caiteachas reatha de €36.788m ann, lena n-áirítear €27.658m i gcostais foirne agus €5.358m de chostais neamhphá. B'ionann an costas athfhillteach bliantúil in aghaidh an mhic léinn agus €7.952 don bhliain. Tá an costs reatha in aghaidh an mhic léinn á choinneáil ag leibhéal iomaíochas.

Clár Comhardaithe

Léirigh luach na sócmhainní inlámhsithe ardú glan de €1.462m ó €53.771m go €55.233m faoi dheireadh na bliana. Seasann breiseanna de €3.438m do infheistíocht de €1.921m san Aonad Brostú Fiontraíochta agus tá an chuid eile scaipthe thar tionscadail bheaga iomadúla éagsúla. Tugann na breiseanna seo lúide muirear dímheasa de €1.976m an t-ardú glan.

An tAcht um Phrasíocaíochtaí 1997

Comhlíonann an Institiúid a chuid oibleagáidí faoin Acht um Phrasíocaíochtaí 1997.

6.2 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 LÚNASA 2006

	<u>NÓTA</u>	<u>2006</u> <u>2006 (€000)</u>	<u>2005</u> <u>2005 (€000)</u>
		€000	€000
<u>IONCAM</u>			
Deontas Stáit	1	22,495	18,845
Scaoilte ón gCuntas Caipitil	18	2,016	1,709
Táillí Teagaisc	2	6,518	5,775
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	697	871
Ioncam Úis		98	92
Clárúchán Mic Léinn	6	3,207	2,643
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	304	217
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	547	879
Ioncam Eile	5	<u>1,686</u>	<u>1,487</u>
		<u>37,568</u>	<u>32,518</u>
<u>CAITEACHAS</u>			
Ranna Acadúla	8	22,374	19,634
Seirbhísí Acadúla	9	1,913	1,563
Áitribh	10	3,090	2,411
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	11	3,621	2,619
Costais Ghinearálta Oideachasúla	12	314	721
Seirbhísí do Mhic Léinn	6	1,859	1,262
Tacaíocht Rochtana do Mhic Léinn	7	304	217
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt	4	750	871
Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta	3	547	879
Dímheas	15	<u>2,016</u>	<u>1,709</u>
	13	<u>36,788</u>	<u>31,886</u>
FARASBARR (CAILLTEANAS) OIBRIÚCHÁIN		780	632
AISTRÍÚ GO CÚLCHISTE SRIANTA	6	(30)	(110)
FARASBARR CARNAITHE AG TÚS NA BLIANA		<u>2,893</u>	<u>2,371</u>
FARASBARR CARNAITHE AG DEIREADH NA BLIANA		<u>3,643</u>	<u>2,893</u>

Sínithe thar ceann an Choiste Rialaithe

Joe Ryan

Maria Hinfelaar

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Srabhadh Airgid agus Nótaí 1-28. Níor aithníodh aon ghnóthachan ná cailteanas, seachas iad siúd atá pléite sna Cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE MAR A BHÍ AR AN 31 LÚNASA 2006

	NÓTA	<u>2006</u> <u>2006</u> <u>(€000)</u>	<u>2005</u> <u>2005</u> <u>(€000)</u>
		<u>€000</u>	<u>€000</u>
<u>SÓCMHAINNÍ SEASTA</u>			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	55,233	53,771
<u>SÓCMHAINNÍ REATHA</u>			
Feichiúnaithe	16	5,984	2,365
Airgead sa Bhanc agus ar lámh		<u>5,381</u>	<u>7,239</u>
		11,365	9,604
<u>CREIDIÚNAITHE</u>			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	(3,953)	(4,338)
<u>SÓCMHAINNÍ REATHA GLANA</u>			
		<u>7,412</u>	<u>5,266</u>
<u>SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA</u>			
		<u>62,645</u>	<u>59,037</u>
<u>SÓCMHAINNÍ GLANA</u>			
Léirithe ag:-		<u>62,645</u>	<u>59,037</u>
<u>CÚLCHISTÍ</u>			
Cuntas Caipitil	18		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	25	57,335	53,771
Cúlchiste Srianta	24	3,643	2,893
		<u>1,667</u>	<u>2,373</u>
		<u>62,645</u>	<u>59,037</u>

Sínithe thar ceann an Choiste Rialaithe;

Joe Ryan

Maria Hinfelaar

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1-28.

RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 LÚNASA 2006

	<u>NÓTA</u>	<u>2006</u> <u>2006 (€000)</u> <u>€000</u>	<u>2005</u> <u>2005 (€000)</u> <u>€000</u>
<u>Airgead a fuarthas ó:</u>			
Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach		20,312	20,375
Cionroinnt ó Dheontas Caipitil an Stáit			
Caiteachas		227	85
Deontas Stáit do Mhionobreacha Caipitil		587	1,227
Asbhaintí Coimeádta Aoisliúntais		1,534	1,566
Táillí Teagaisc		6,543	5,883
Taighde Comhairleoireacht agus Forbairt		1,741	2,724
Ioncam Úis		98	92
Táillí Clárúchán Mic Léinn		3,266	3,216
Ioncam Eile		<u>152</u>	<u>106</u>
		34,460	35,274
Íocaíochtaí airgid chuig agus ar son Fostaithe		(26,933)	(24,227)
Íocaíochtaí Airgid go Soláthróirí		(7,695)	(7,785)
Airgead Glan (Eis-sreabhadh) as Oibríochtaí	(a) 19	<u>(168)</u>	<u>3,262</u>
CAITEACHAS CAIPITIL			
Deontais faighte:			
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil		114	290
Cionroinnt ó Dheontas Athfhillteach an Stáit do Chaiteachas Caipitil		1,247	1,314
Cionroinnt ón Deontas Stáit do Mhionobreacha Caipitil		618	204
Deontais Eile		<u>865</u>	<u>497</u>
		2,844	2,305
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Inláimhsithe Socraithe a fháil		(3,828)	(3,225)
		<u>(984)</u>	<u>(920)</u>
Insreabhadh Glan Airgid (Eis-sreabhadh) as Caiteachas Caipitil		<u>(1,152)</u>	<u>2,342</u>
Insreabhadh (Eis-sreabhadh) roimh Deontais Mic léinn agus Cúlchiste Srianata		-	-
Insreabhadh Glan Airgid (Eis-sreabhadh) as Deontais Mhic Léinn	19(b)	(706)	(330)
Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Glan Airgid as Cúlchiste Srianata	19(C)	<u>(1,858)</u>	<u>(2,012)</u>
Méadú (Laghdú) in Airgead agus i gcóibhéiseanna airgid.			
Sínithe thar ceann an Choiste Rialaithe;	Joe Ryan	Maria Hinfelaar	

Is cuid de na Ráitis Airgeadais an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1-28.

7. COMHDHEISEANNA

7.1 Beartas Comhdheiseanna (*á athbhreithniú faoi láthair*)

Ráiteas Beartais

Is fostóir comhdheiseanna í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta comhdheiseanna a chur ar fáil in oideachas, i bhfostaíocht agus in oiliúint. Ní dheileálfar le haon iarrthóir ar chúrsa, mac léinn, iarrthóir ar phost ná aon fhostaí le níos lú fábhair mar gheall ar ghnéas nó stádas pósta. Diúltaíonn an Institiúid d'aon idirdhealú díreach nó indíreach ar bhonn dath, reiligiúin, cine, náisiúnacht, bunús eitneach nó náisiúnta, inscne nó stádas pósta. Is ar bhonn oiriúnachta amháin a dhéanfar gach cinneadh maidir le hearcaíocht, oiliúint, ardú céime, forbairt ghairme agus coinníollacha seirbhíse.

Aidhmeanna agus Cuspóirí an Bheartais

Tá Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh tiomanta do fheasacht a chruthú faoin ngá atá le dearcadh neamhidirdhealaitheach. Is é cuspóir an Bheartais Chomhdheiseanna tiomantas ITL do chomhdheiseanna a léiriú go soiléir. Aithnítear go bhfuil sé ríthábhachtach go nglacfaidh foireann an ITL agus cuallacht na mac léinn le dearcadh neamhidirdhealaitheach.

Is iad cuspóirí an bheartais a chinntiú nach ndéanann ITL aon idirdhealú i gcoinne aon fhostaí nó iarrthóir ar oideachas nó ar fhostaíocht maidir le:-

- Rochtain ar Oideachas
- Rochtain ar Fhostaíocht nó ar Ardú Céime
- Folúntais a Fhógairt
- Earcaíocht agus Roghnú
- Coinníollacha Fostaíochta
- Oiliúint agus Forbairt

8. NUACHT AGUS IMEACHTAÍ 2005-2006 (Sleachta agus Meáin Áitiúla agus Náisiúnta)

LÚNASA 2005

Comhdháil Cheimice in ITL

Beidh Comhdháil Bhliantúil Institiúid Cheimice na hÉireann á eagrú in ITL i mbliana Is é “Nuáil Cheimiceach – Fiontraíthe Ceimice a Spreagadh” is téama do chomhdháil na bliana 2005 a thionólfar ar champas Pháirc Mhaigh Lise. Dar le hurlabhraí ó ITL, meallfaidh an Chomhdháil rannpháirtithe ilghnéitheacha as na hearnálacha eolaíochta agus gnó agus ó chuideachtaí eolaíochta/ceimice atá ag céimeanna éagsúla forbartha. Beidh siad ann ó na cuideachtaí nuabhunaithe ardchumais go cuideachtaí cógaisíochta-ceimice idirnáisiúnta. I measc na bpríomhchainteoirí beidh Mícheál Martin, an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (beartas an Rialtais sa réimse), Brendan Finucane ó Fhiontraíocht Éireann (Cúnamh Rialtais), An Dr. Henry Lyons, Ceann na Forbartha TF, Trá Lí (Spreagadh na Fiontraíochta i gColáistí agus a gcuid fochuideachtaí), agus Kevin Thompstone ó Fhorbairt na Sionnaine (Cúnamh Réigiúnda agus stádas reatha Fhiontraíochta na hEolaíochta sa réigiún). Cuirfear staidéar ar chásanna ó chuideachtaí sna réimsí cógaisíochta, comhshaoil, anailíseacha, agus fearais diagnóiseacha, biteicneolaíochta agus míochaine i láthair freisin.

Spreagann dúil fhoréinseach cúrsa ar leith

Mar gheall ar dhúil an phobail i dteicnící fiosrúcháin choiriúla tá cúrsa in Eolaíocht Fhoréinseach á thairiscint in ITL. Gheobhaidh an chéad 30 mac léinn an B.Sc. in Anailís Chógaisíoch agus Fhoireinseach an bhliain seo chugainn san aon chúrsa dá leithéid atá á thairiscint sa tír. Bhuail an smaoinemh Treoraí an Chúrsa, an Dr. Willie Fitzgerald, nuair a bhí sé ag iarraidh níos mó spéise a spreagadh san eolaíocht.

Dúirt sé gur tháinig meath ar an spéis a chuir mic léinn dara agus tríú leibhéal san Eolaíocht timpeall cúig bliana ó shin cé go raibh fostóirí á rá go raibh an t-éileamh ar chéimithe eolaíochta sa tionscal ag méadú. Tar éis roinnt taighde a dhéanamh, fuarthas amach go bhfuil an-spéis ag daoine in úsáid na heolaíochta i bhfiosrúcháin choiriúla agus bheartaigh ITL an eolaíocht a nascadh leis an spéis seo agus an cúrsa a bhunú.

Caitheadh níos mó ná €1 milliún ar shaotharlann úrscothach a fheistiú don eolaíocht fhoréinseach in ITL. Bhunaigh an Dr. Fitzgerald teagmháil le Saotharlann Fhoréinseach an Stáit i bPáirc an Fhionnuisce mar a bhfuil níos mó ná 50 eolaí ag obair ar anailís ábhair a fhaightear ar láthair coireanna. Tá beirt d’eolaithe fhoréinseacha an Stáit tagtha go foireann léachtóireachta ITL agus is é Ceann na Roinne Bitheolaíochta sa Saotharlann Stáit, Sean McDermott, Scrúdaitheoir Seachtrach chúrsa ITL.

DEIREADH FÓMHAIR

An Ceart chun Céimeanna a bhronnadh tugtha do ITL

Bronnadh údarás tarmiligthe ar Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun a dhámhachtana fochéime agus iarchéime féin a bhronnadh suas go leibhéal Máistir ag searmanas speisialta le déanaí. Tá “Udarás Tarmiligthe” bronnta ar an gColáiste ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna tar éis de phainéal saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta oideachais roinnt measúnaithe a dhéanamh.

“Is iontach an ócáid í seo do ITL. Tá lúcháir orm faoin ngaisce seo.

Léiríonn sé caighdeán ard ár gcuid múinteoireachta agus na gcóras cáilíochta atá againn” arsa Stiúrthóir ITL, an Dr. Maira Hinfelaar. Shínigh Príomhfheidhmeannach HETAC, Séamus Puirseil an tÚdarás Tarmiligthe i bhfianaise an Aire Cosanta, Willie O’Dea.

Sonraí i ndubh agus i mbán ó Cecily

Tá Cecily Kenny ar cur na saothair is déanaí léi ar taispeáint ag Limerick Printmakers i Sráid Roibeaird. Ghnóthaigh Iníon Kenny Scéim Sparántacht Céimí Scoil Ealaín agus Deartha Luimnigh 2004/5 agus is taispeántas de phriontaí turbheara ar mhórsála i ndubh agus i mbán atá aici. Is cuid lárnach de phriontaí Cecily an tionchar a bhíonn ar scála ar an gcaoi a fhéachaimid ar íomhá. Tá gach íomhá méadaithe go mór óna fhíormhéid, agus rud aesteiticiúil déanta as gach ceann díobh. Tá a cuid oibre bunaithe ar bhéim a chur ar shonraí nach dtugann daoine faoi deara sna fíorleagain nádúrtha mar go mbíonn siad róbhéag le tabhairt faoi deara. Tugann scéim sparántacht chéimí Limerick Printmakers ballraíocht bhliana do Chéimí sa stiúideo. Bíonn rochtain iomlán ag an mbuaiteoir ar shaoráidí an stiúideo leis an mballraíocht sin agus ag deireadh na bliana is féidir leis na buaiteoirí a dtaispeántas féin a chur ar siúl sa dánlann.

Buann fear Luimnigh rás i mBaile Átha Cliath

Bhí an bua ag fear Luimnigh, Neil Cusack Junior, i leathmharatón Bhaile Átha Cliath i bPáirc an Fhionnuisce le déanaí. Ag leanúint lorg a athar, chríochnaigh an t-ógfhear 25 bliana d'aois an rás i 66 nóiméad, 55 soicind. Ba é a athar, Niall Sinsear a chéad lúthchleasaí Éireannach a bhuaigh Maratón Boston sa bhliain 1974 nuair a chríochnaigh sé i 2 uair, 13 nóiméad agus 39 soicind.

Is as Bóthar na hInse i Luimneach do Neil agus is céimí de chuid ITL é mar a ndearna sé staidéar ar Ríomhairí agus Gnó.

An tIardhearthóir, Emma Kate Tobia i gceolchoirm

Ba iad Carrig Donn an chéad dream a thug post do Emma Kate Tobia i ndearadh olla nuair a ghnóthaigh sí Céim i bhFaisin ó Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh roinnt blianta ó shin. D'fhág sí domhan an Fhaisin ina dhiaidh sin le traenáil mar amhránaí ceoldráma agus clasaiceach, ach níor dhearmad sí Carrig Donn riamh.

Tá a céad albam "Aisling na nGael – an Irish Dream" bailiúchán d'ocht n-amhrán traidisiúnta agus clasaiceach Éireannacha eisithe ag Tara Music agus á dháileadh ag RMG Charts, fíorú na haislinge d'Emma Kate, máthair beirte. Rugadh Emma Kate in Albain do thuismitheoirí Albanacha agus Éireannacha, agus le sloinne ar nós Tobia, is léir go bhfuil cúlra an-Iodálach aici chomh maith. Labhraíonn sí Gaeilge líofa bhlasta – chuaigh sí chuig scoil lánghaelach i gContae Mhaigh Eo agus bhí dúil riamh aici sa cheol traidisiúnta, ach nuair a d'fhág sí an scoil, bheartaigh sí ar chloí le paisean eile – faisean agus stíl. Bhí Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh ar cheann den bheagán scoil dheartha Éireannach a raibh iomrá orthu ag an am agus bhí lúcháir orm áit a fháil an. Bhí dearthóir chuid de ghúnaí Miss Ireland agus Miss Universe, Fiona Whyte sa bhliain chéanna léi ar an gcoláiste. Thug Carrig Donn post di mar dhearthóir éadaí olla agus chuaigh sí ar aghaidh as sin go post mar cheannaitheoir cúnta i Penney's i mBaile Átha Cliath. Bhunaigh sí comhairleoireacht ansin agus chuaigh ag obair le Sunbeam i gCorcaigh agus as sin bhí sí ag obair le dearadh éadaí gailf agus d'oscail sí a siopa gailf féin. I rith an ama seo áfach bhí sí ag freastal ar ranganna oíche gutha le leithéidí Edith Forrest, Bob Beare, agus Veronica Dunne i ndeireadh báire.

Cinnlínte do ghúnaí a tharraingíonn aird

Tá baill éadaigh áille fabraice agus olla le caitheamh go hócáidiúil, ar bhainis nó san oíche á gcruthú ag an dearthóir áitiúil Maria Byrne ina ceardlanna ag Ballybeigh, Tulach Ruáin, Cill Chainnigh. Fuair Maria Céim Onóracha i bhFaisean ó NCAD, mar ar bhuaigh sí scoláireacht mic léinn roimh dhul go cúrsa iarchéime i bhFaisean Olla i gColáiste Ealaíne agus Deartha Luimnigh. Is iomaí gradam atá gnóthaithe aici cheana, ina measc Gradaim Éadaí Leanáí Hickey, Gradaim Olla an EBS agus gradam Céimithe an RDS. Bhí cinnteidil ann faoi Mharia arís i mbliana nuair a bhuaigh duine dá custaiméirí an Bhean ba Dheaghléasta ag Rásaí Luimnigh, agus is minic a thugtar poiblíocht náisiúnta dá saothar ar TV3, PM Live agus an 'Clothes Show'. Is é an meascán d'éadaí fabraice agus cniotáilte an ghné is tábhachtaí i saothar Mharia agus cuireann sé seirbhís phearsanta ar fáil le héadaí a bhíonn déanta de réir tomhaise dá custaiméirí. Cuireann Maria seirbhís ar fáil do ghrúpa na brídeoige go léir – an bhrídeog, do na cailíní coimhdeachta, cailíní na mbláth, máithreacha na mbrídeoga agus don fhear atá ag pósadh.

SAMHAIN 2005

Tús áite ag Wired FM i Stiúideo ITL

Tá cúis eile ag ITL le bheith ag ceiliúradh tar éis do stáisiún nua raidió Wired FM oscailt. Ba chuid d'Fhéile Craol Training í an oscailt a eagraíodh sa chathair mar cheiliúradh ar dheichiú cuimhneachán an raidió pobail in Éirinn. "Is infheistíocht fhíordhearfach í an tSaoráid seo ó ITL i Wired FM agus tá lúcháir orainn faoi. Tá sé go hiontach dúinn mar go bhfuil sé in ionad na mac léinn, díreach i lár saol na mac léinn ar an gcampas, arsa Nessa McGann, Bainisteoir Stáisiúin Wired FM. Dúirt sí chomh maith go raibh sé go hiontach go raibh Uachtarán MIC, an DR. Peadar Cremin, agus Stiúrthóir ITL, an Dr. Maria Hinfelaar i láthair ag an oscailt. Craoltar an stáisiún ar 96.6 agus 106.8 i gCampas LIT agus ar champas Choláiste Mhuire gan Smál. D'eagraigh an stáisiún raidió atá á rith ag mic léinn comhdháil faoi raidió pobail an tseachtain seo caite. Mealladh scoláirí ó thíortha ar nós RA, an Ghréig, an Bheilg, agus an Ostair an chomhdháil dar teideal "Raidió Pobail – Daoine, Áiteanna agus Próisis".

Caint san Institiúid Margaíochta

Bhí Eoin O'Driscoll, údar Thuarascáil O'Driscoll um Straitéis Fhiontraíochta na hÉireann, ina aoichainteoir ag Réigiún an Iarthar Láir den Institiúid Margaíochta le déanaí in Amharclann na Mílaoise. Thug an tUasal O'Driscoll forléargas ina léacht ar chion na margaíochta i bhforbairt straitéiseach na hÉireann mar thír fhiontraíochta. Is fada aithne ar an uasal O'Driscoll mar dhuine díobh siúd is mó atá ag cur na Margaíochta chun cinn sa Ghnó in Éirinn. Thug sé léargas freisin ar na fáthanna gur gá do lucht gnó a saineolas margaíochta a fheabhsú go mór chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach sna blianta atá romhainn agus cén fáth go gcreideann sé go bhfuil Éire ag titim ar gcúl ó thaobh fhorbairt na margaíochta agus na dtáirgí.

Socrú nua Urraíochta 2005 idir ITL agus Óstán Radisson SAS

D'fhógair Stephen Hanley, Bainisteoir Ginearálta, Óstán Radisson SAS agus ITL socrú nua urraíochta le déanaí. Bhí an tUasal Hanley, Seoirse Bulfin, Oifigeach Spóirt ITL, Tom Shanahan, Bainisteoir Díolacháin agus Margaíochta Radisson SAS, Gavin O Mahony, Captaen Fhoireann Mhionúir Luimnigh 2005, Donnacha McNamara, Traenálaí Rugbaí ITL, and Dr. Maria Hinfelaar, Stiúrthóir Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i láthair ag an bhfógairt.

NOLLAIG 2005

Tá córas tríú leibhéal páirtaimseartha le níos mó samhlaíochta ag teastáil anois

Ní foláir bealaí nua a fháil ionas go mbeadh rochtain níos fearr ar fáil ar oideachas tríú leibhéal má táimid chun deileáil le héilimh an lae inniu, dar le Stiúrthóir ITL, an Dr. Maria Hinfelaar. Dúirt an Dr. Hinfelaar go bhfuil géarghá le córas staidéar páirtaimseartha le níos mó samhlaíochta, mar nach bhfuil sé réadúil níos mó go mbeadh mic léinn páirtaimseartha ag déanamh uaireanta a bheadh scaipthe thar ceithre lá, nó fiú trí oíche, sa tseachtain. Bhí sí ag labhairt ag searmanais céime ITL nuair a bhí na chéad chéimithe ag fáil a ndámhachtana nua faoin Údarás Tarmligthe. Bhronn painéal idirnáisiúnta athbhreithnithe agus HETAC stádas Údarás Tarmligthe ar ITL, rud a thugann cead dóibh a ndámhachtana fochéime féin a bhronnadh. "Clochmhíle i stair ITL" a thug an Dr. Hinfelaar air, agus chuir sí fáilte roimh an aitheanta a thugann sé do chaighdeán agus d'fhiúntas an oideachais a chuirtear ar fáil i réimse leathan cúrsaí agus ag leibhéal éagsúla cáilíochta in ITL. Dúirt sí go gcuirfeadh sé ar ár gcumas freagairt ar bhealach níos solúbtha ar éileamh ar chláir nua ó mhic léinn nó ón tionsclaíocht, mar nach dtógfaidh sé an oiread sin ama aitheantas a fháil do chúrsa nua.

Togra Oideachais ITL

Seoladh Togra Oideachais Schneider Electric in ITL le Fáiltiú Fíona le déanaí agus tá sé leathnaithe amach go coláistí tríú leibhéal eile ó shin. Is é cuspóir an togra an Innealtóireacht a dhéanamh níos tarraingtí do mhic léinn Ardteiste, agus is cuid thábhachtach í d'iarracht na hÉireann chun postanna le pá níos airde agus le luach níos airde a bhaint amach in eacnamaíocht eolasbhunaithe. Clúdaíonn an Togra Oideachais réimse de ghníomhaíochtaí tacaíochta ar nós rannpháirtíocht i Laethanta Oscailte an Choláiste, chun mic léinn Ardteiste a mhealladh chun na hInnealtóireachta, ceann de na cuspóirí is mó atá ag gach dámh Innealtóireachta i gcoláistí na hÉireann. Chomh maith leis sin tá Schneider ag leanúint lena gcuid urraíochta ar an dTionscadal Uathoibríthe is Fearr ag mac léinn in ITL. Tá bronnadh bogearraí (luach €20,000) a sholáthraíonn taispeántas teicneolaíochta do mhic léinn agus do bhaill foirne san áireamh sa Togra Oideachais. Tugann an oiliúint deis do léachtóirí eolas a fháil faoi na treochtaí is déanaí sa teicneolaíocht freisin.

CLG na cathrach le neartú ag Sarsfields ITL

Tá an club is nua de chuid CLG seolta i Luimneach chun freastal ar bhuaicillí agus ar chailíní faoi aois i bparóistí Luimnigh thuaidh, N. Mainchín agus Corp Chríost. Tabharfar LIT Sarsfields ar an 70ú club CLG i Luimneach. Beidh an club nua faoi aois bunaithe i dtailte CLG ag tailte ITL i bPáirc Mhaigh Lise. Tá tiomantas fadtéarmach déanta ag an gcoláiste tríú leibhéal chun tacú leis an gclub nua. Bhí baint an-mhór ag na hiaroifigigh ar bhord an chontae, John Landers agus John O'Donnel, a d'éirigh as Bord an Chontae ag an gcomhdháil bhliantúil le déanaí. Mhínigh John Landers nach raibh áit ar bith ag buachaillí agus cailíní óga Bhaile Uí Neachtain agus Mhaigh Rosa. Theastaigh ó ITL rud éigin a dhéanamh don phobal, agus ba dheis fhoirfe dóibh cabhrú le leanáí camán a bheartú nó liathróid a chiceáil.

Taispeántas Dealbhadóireachta ag Mic Léinn Luimnigh ag Aerfort na Sionnaine

Cuirfear fáilte roimh chuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta go hAerfort na Sionnaine le taispeántas uathúil de shaothar na mac léinn ó Roinn Dealbhadóireachta Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh. 'Arrivals 06' an teideal oiriúnach atá ar an ócáid a chuireann talainn na mac léinn áitiúla ar taispeánt don saol mór nó don 200,000 duine a rachaidh trí Aerfort na Sionnaine agus é ar siúl. Obair chomhaimseartha a bheidh ar taispeánt a léireoidh freagairt na mac léinn do cheisteanna agus do shainbhair go leor.

Ainmniúchán Fhianna Fáil ó Hogan

Tá Iar-Mhéara Chomhairle Chontae Thiobrad Árann Thuaidh, John Hogan, agus dul san iomaíocht mar iarrthóir i gcoinbhinsiún toghcháin Fhianna Fáil don Olltoghchán atá le teacht. Beidh an Coinbhinsiún san Óstán Munster i Mí Eanáir. D'fhógair an Clr Hogan a rún seasaimh ag CCB Fhianna Fáil Thiobrad Árann Thuaidh sa Ragg le gairid nuair a bhí an slua is mó ionadaithe riamh i láthair agus é á fhógairt go mbeadh sé ina iarrthóir. Ag insint dóibh cén fáth go raibh sé san iomaíocht ag an gCoinbhinsiún, dúirt an Clr Hogan go raibh taithí luachmhar faighte aige sna sé bliana atá caite aige mar Chomhairleoir Conte. Dúirt sé gur bhain sé taitneamh as a bheith ag obair le grúpa agus le daoine éagsúla ar fud an chontae mar Méara an Chontae anuraidh, agus dá dtoghaí é go dtroidfeadh sé chun carachtar tuaithe na Comhairle gona thraidisiúin agus a chultúr a chosaint agus a fhorbairt. Tá John ina Stiúrthóir ar Centenary Co-op, ina Chathaoirleach ar Choiste Ceantair an Teampaill Mhóir/Ros Cé, ina Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobrad Árann Thuaidh, ina Chathaoirleach ar Oideachas Aosach Thiobrad Árann Thuaidh, ina bhall den GCO agus ceapadh le déanaí é ar Choiste Rialaithe ITL.

EANÁIR 2006

Iarrtar carrchlós ilstór do ITL

Ní bheidh aon deifir ar Chomhairle Chontae Luimnigh dul i mbun eastát Tithíochta Ardán Chúil Raithin díreach chun dlús na páirceála a dhéanann mic léinn ITL lena gcarranna ann a mhaolú. Thug roinnt comhairleoirí as tuaisceart na cathrach tacaíocht don gClr Michael Hourican lena fhógra rúin go nglacfaidh an chomhairle cúram an eastáit "ar mhaithe le tabhairt faoi fhadhbanna tráchtá sa cheantar". D'iarr na Comhairleoirí ar Halla na Cathrach dul i mbun eadráine le ITL maidir le carrchlós ilstór a fhorbairt don choláiste. Thug an Chomhairle cead pleanála don choláiste le déanaí chun clár ollmhór forbartha a chur i gcrích, ach tá siad freagrach as páirceáil do charranna a chur ann chomh maith.

Comórtas Scileanna Domhanda I Helsinki, an Fhionlainn

Bhí beirt mhac léinn as ITL i láthair ar son na hÉireann ag an gComórtas Scileanna Domhanda i Helsinki le déanaí; Ba é Gordon O'Donovan as Eas Géitine ionadaí na hÉireann i bhFeistiú agus Polaimheicníocht, agus Karl Corry i Rial Uimhríoch Ríomhaire. Fuair an bheirt mhac léinn bronntanas ar leith ó Stiúrthóir ITL, an Dr. Maria Hinfelaar.

FEABHRA 2006

Comórtas talainn ITL ar an nGréasán

Chuir 12 mac léinn as ITL a dtalainn ealaíne ar taispeánt don domhan le linn an tSeachtain Phléaracaim. Bhí sé d'adh orthu seo cáiliú trí shraith réamhchomórtas sa dara comórtas bliantúil talainne ag an gcoláiste. Eagraíodh an chraobh in Amharclann na Mílaoise le linn an tSeachtain Phléaracaim, agus cuireadh ar taispeánt beo é, le fuaim agus fíis, chuig lucht féachana idirnáisiúnta, a bhuíochas don teicneolaíocht nua-aimseartha. Dúirt Christy Wharton, Léachtóir agus ball den phainéal breithiúna gur rabhthas ag ullmhú don chraoladh seo ar feadh na míonna agus chomh fada agus is eol dó, is é seo an chéad uair do choláiste ar bith ar domhan craobhchomórtas talanna a chraoladh ar an ngréasán. Dúirt léachtóir eile, Joe Morton, comhordnóir na seichimh físe agus comhordnóir teicniúil an tionscadail, gur cuireadh an tsiamsaíocht ar fáil trí www.lit.ie. Roghnófar an buaiteoir trí vótáil téacs a bheidh teoranta d'Éirinn amháin, le seirbhís a cuir Touch i mBaile Átha Cliath ar fáil.

Biachlár den scoth ag Mark

Is é Mark Treacy, ábhar cócaire in Óstán Chaisleán Dhroim Orlainn, atá ina mhac léinn ag ITL a bhuaigh an bonn airgid ag comórtas Ábhar Cócaire na Bliana Knorr 2006. Is as Cora Chaitlín do Mhark agus sháraigh sé ábhair chócairí as 11 coláiste lónadóireachta chun an dara háit sa chomórtas a ghnóthú. Iarradh ar na mic léinn oideas a chruthú do chúrsa tosaigh agus do phríomhchúrsa ag baint úsáide as dhá tháirge de chuid Knorr agus aon táirge eile ó Unilever Food,

ar nós Hellman's, Flora nó Colmans. Mias clasaiceach lodálach gnocchi a chruthaigh Mark, agus fíafheoil Éireannach den scoth mar phríomhchúrsa.

Réalta ciúin

Bíonn fonn láidir ar fhorhmór na ndaoine nuair a fhágann siad an scoil a chruthú go raibh breall ar mhúinteoir nó ar léachtóir amhrasach faoina gcumas; go bhfillfeadh siad lá éigin mar churadh sa réimse atá roghnaithe acu agus go n-éireodh leo an gaisce a dhéanamh. Seo rud amháin atá an t-ealaíontóir ceirmeach Christy Keeney as Leitir Ceannain in ann a bhaint as a liosta de 'rudaí le déanamh'.

Tar éis 17 bliain a chaitheamh ina chónaí agus ag obair i Londain, agus trí bliana díobh sin sa Choláiste Ríoga Ealaíne (1986-87) d'fhill Christy ar Leitir Ceannain mar ar thóg sé teach agus stiúdeo sna Muilte Nua in áit shócúlach faoin tuath lena bhean Sarah agus a n-iníon Lelia. Deir Christy nárbh aon chéim bheag í timpeallacht agus margadh a bhí fabhrach d'ealaíontóirí i gcathair dhomhanda a fhágáil agus a aghaidh a thabhairt ar iargúlacht iarthuaisceart na hÉireann. Ach is dearbhú ar an méid clú agus cáil a bhí bainte amach ag ainm Christy le blianta beaga roimhe sin go raibh sé in ann an t-athrú a dhéanamh.

Is mór an cleite i do hata pé áit a mbíonn tú do shaothair a bheith coimisiúnaithe ag Prionsa na Breataine Bige agus Sir Eduardo Paolozzi, a raibh tionchar mór aige ar mhargadh Pop Art na Breataine sna blianta iarchogaidh. Tá mórán gradam buaite ag Christy agus Gradam Náisiúnta Ceirde i 2004 ina measc.

Rinne Christy Bunchúrsa Ealaíne in IT Leitir Ceannain i 1978-79, mar ar comhairlíodh dó éirí as an scuab agus díriú ar chré, agus chuaigh sé ar aghaidh ansin go Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh mar ar chríochnaigh sé B.A. i gCeirmeach idir 1980-82.

An-rath ar Ócáid Gairmeacha ITL

